
COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais





# 2020








IWT

# Clár Ábhair

**04** Príomhphointí Airgeadais 2020
**06** Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais
**07** Stiúrthóirí agus Eolas Eile
**12** Ráiteas ón gCathaoirleach
**18** Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach
**26** Tuarascáil na Stiúrthóirí
**34** Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha
**39** Beartais Chuntasaíochta
**46** Cuntas Brabúis agus Caillteanais
**47** Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
**48** Clár Comhardaithe
**49** Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas
**50** Ráiteas ar Shreafaí Airgid
**51** Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
**74** Staitisticí Poirt (neamhiniúchta)

# Príomhphointí Airgeadais 2020

| Láimhdeachas | Brabús oibriúcháin | Brabús i ndiaidh cánach | TRÚCDA | Caiteachas caipitil | Iomlán an chothromais |
|---|---|---|---|---|---|
| **€86.6m** | **€44.1m** | **€34.2m** | **€53.9m** | **€59.1m** | **€511.8m** |
| ▼ 6.6% | ▼ 0.2% | ▼ 11.4% | ▲ 0% | ▼ 24.4% | ▲ 8.8% |



**Tréchur**
(tona)

**36.9m**
▼ 3.3%

**Aonaid Ró-Ró**

**1,060,979**
▲ 0.2%

**TEUnna**

**758,013**
▼ 2.1%

**Líon paisinéirí**
(milliúin)

**0.8m**
▼ 57.3%



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais



| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | **86,596** | 92,723 |
| Fás Ioncaim | **(6.6%)** | 2.6% |
| Brabús Oibriúcháin | **44,150** | 44,229 |
| Corrlach Oibriúcháin (%) | **51.0%** | 47.7% |
| TRÚCDA | **53,966** | 53,960 |
| Corrlach TRÚCDA (%) | **62.3%** | 58.2% |
| TRÚC | **44,150** | 44,229 |
| Corrlach TRÚC (%) | **51.0%** | 47.7% |
| Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (TACÚ) (%) | **7.4%** | 8.2% |
| Glanmhuirir úis | **5,074** | 679 |
| Clúdach úis | | |
| - bonn TRÚCDA (ó thaobh ama de) | **10.6** | 79.5 |
| - bonn TRÚC (ó thaobh ama de) | **8.7** | 65.1 |
| Glanfhiachas | **(133,293)** | (121,388) |
| Glanfhiachas mar chéatadán de chothromas iomlán (%) | **(26.0%)** | (25.8%) |
| Glanfhiachas mar chéatadán de shócmhainní seasta (%) | **(21.8%)** | (21.5%) |
| Glanfhiachas/TRÚCDA (ó thaobh ama de) | **2.47** | 2.25 |

| | | |
|---|---|---|
| TRÚC | **44,150** | 44,229 |
| Dímheas | **11,085** | 10,318 |
| Amúchadh | **(564)** | (582) |
| Ioncam eile | **(665)** | - |
| Míreanna urghnácha | **(40)** | (5) |
| **TRÚCDA** | **53,966** | **53,960** |

**TRÚC -** tuilleamh roimh ús agus cáin
**TRÚCDA -** tuilleamh roimh chostais úis, cáin, dímheas, amúchadh, míreanna eisceachtúla agus costais iomarcaíochta neamheisceachtúla
**Clúdach úis -** an cóimheas idir EBITDA nó EBIT agus glanmhuirir úis
**TACÚ -** an cóimheas idir an brabús oibriúcháin agus an meánmhéid caipitil atá in úsáid

| **TRÚCDA** (€'000) | **TRÚC** (€'000) | **Glanairgead (Fiachas)** (€'000) | **Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear** (TACÚ) | **Glanfhiachas/ TRÚCDA** (ó thaobh ama de) |
|---|---|---|---|---|
| **€53,966** | **€44,150** | **€133,293** | **7.4%** | **2.47** |
| **2019: €53,960** | **2019: €44,229** | **2019: €121,388** | **2019: 8.2%** | **2019: 2.25** |

# Stiúrthóirí & Eolas Eile



**Jerry Grant**
Cathaoirleach




**Eamonn O'Reilly**
Príomhfheidhmeannach



**Michael Brophy**
Stiúrthóir



**Geoffrey Darling**
Stiúrthóir



**Michael Hand**
Stiúrthóir



**Keith Nolan**
Stiúrthóir



**Michael Sheary**
Rúnaí an Chomhlachta & Príomhoifigeach Airgeadais

**Rúnaí & Oifig Chláraithe**
Michael Sheary
Ionad an Phoirt
Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1

Uimhir Chláraithe:
262367

**Baincéirí Príomha**
Banc na hÉireann
2 Plás Burlington
Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4

An Banc Eorpach Infheistíochta
98-100 boulevard
Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Ulster Bank DAC
Ulster Bank Group Centre
Cé Sheoirse
Baile Átha Cliath 2

**Iniúchóirí**
Deloitte Ireland LLP
Deloitte & Touche House
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

**Dlíodóirí**
Beauchamps Solicitors
2 Cois Abhann
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

Eversheds
1 Lárionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Mason Hayes & Curran
Teach an Phoirt Theas
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 4

**Achtúirí**
Mercer
Teach Charlotte
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2

### Jerry Grant
**Beathaisnéis Ghearr**

Ceapadh Jerry Grant mar Chathaoirleach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ar 10 Nollaig 2020 ar feadh tréimhse 5 bliana. Tá taithí ag Jerry mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus mar Chomhairleoir Straitéiseach Gnó, é mar shaineolaí in earnálacha an bhonneagair agus na bhfóntas. Faoi láthair tá sé ina Stiúrthóir ar Spórt Éireann, ina bhall seachtrach ar Bhord Rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ina bhall seachtrach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Murphy Surveys Ltd. Bhunaigh sé agus tá sé mar chathaoirleach ar Water Share Ireland, comhpháirtíocht idir GOAL agus earnáil Uisce Éireann, a chabhraíonn le tionscadail uisce agus sláintíochta a sholáthar i go leor tíortha atá i mbéal forbartha.

Bhí ról lárnach ag Jerry in Uisce Éireann a bhunú mar fhóntas uisce náisiúnta, ba é an chéad Cheannasaí ar Bhainistíocht Sócmhainní é ó Aibreán 2013 go Feabhra 2016 agus bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ina dhiaidh sin go dtí Meán Fómhair 2018. Sular oibrigh sé le hUisce Éireann, bhí Jerry ina Stiúrthóir Bainistíochta ar RPS in Éirinn ó 2002 ar feadh deich mbliana, agus bhí sé mar cheannaire ar chomhairleacht rathúil maidir le bonneagar agus leis an gcomhshaol. Roimhe sin, bhí sé mar Stiúrthóir ar MCOS ó thús na nóchaidí, áit a raibh sé i gceannas ar ghnó comhairleachta in earnáil an uisce a bhí go mór chun cinn sa mhargadh.

Tá Céim le Céadonóracha san Innealtóireacht Shibhialta ag Jerry, chomh maith le Dioplóma i nDlí na gConarthaí agus Eadrána ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is comhalta é d’Institiúid Innealtóirí na hÉireann, d’Acadamh Innealtóirí na hÉireann, is ball é d’Institiúid Eadránaithe agus d’Institiúid Stiúrthóirí. Bronnadh Gradam an Uachtaráin air ó Chumann Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann i 2017 as ucht a sheirbhíse d’innealtóireacht in Éirinn, bronnadh Gradam Comhshaoil na hÉireann air i 2018 ón Institiúid Chairte um Bainistíocht Uisce agus an Chomhshaoil (an brainse do Phoblacht na hÉireann), Gradam Gaisce ó Institiúid na nInnealtóirí Sibhialta (an brainse do Phoblacht na hÉireann) agus Gradam Chumann Chonraitheoirí na hInnealtóireachta Sibhialta as ucht a sheirbhíse don earnáil.

### Eamonn O’Reilly
**Príomhfheidhmeannach**

Ceapadh Eamonn O’Reilly mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i Lúnasa 2010. Roimhe sin, ó 2005 bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Portroe Stevedores, an gnó láimhseála lastais atá lonnaithe i gcalafort Bhaile Átha Cliath. Le linn na tréimhse sin, bhí ról freisin ag Eamonn mar bhainisteoir forbartha grúpa de mháthairchomhlacht Portroe, Doyle Shipping Group.

Sula ndeachaigh sé chuig Doyle Shipping Group, bhí Eamonn ina Bhainisteoir Tionscadail do Securicor Ireland agus d’oibrigh sé mar shainchomhairleoir bainistíochta le KPMG chomh maith. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Marine Terminals Limited idir 1992 agus 1996.

Chuir Eamonn tús lena shaol oibre mar innealtóir le Irish Cement Limited sula ndeachaigh sé thar lear ag obair san Éigipt, san Araib Shádach agus sa Chongó.

Is innealtóir cairte é Eamonn a bhain a chéim amach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Eamonn ina bhall d’Institiúid Innealtóirí na hÉireann, bhí sé mar Chathaoirleach d’Eagraíocht Phoirt Mhuir na hEorpa (ESPO) ar feadh ceithre bliana go dtí Samhain 2020 agus tá sé ina bhall den Chomhairle Ginearálta Stíbheadóra.

### Michael Brophy
**Stiúrthóir**

Is saineolaí é Michael ar bhainistíocht comhshaoil agus gnó le taithí ar leith aige i measúnú eagraíochtaí ó thaobh comhlíonadh dlíthiúil comhshaoil agus sna dea-chleachtais idirnáisiúnta maidir le beartais agus rialuithe maolaithe a bhaineann leis an gcomhshaol.

Tá a lán taithí ag Michael ó thaobh beartas agus rialacháin Eorpacha a bhaineann leis an gcomhshaol a chur chun feidhme ar bhealach praiticiúil chun comhlíonadh a bhaint amach, agus is é ceann de na hiniúchóirí comhshaoil tosaigh in Éirinn é agus taithí os cionn fiche bliain aige maidir le riosca don chomhshaol agus rialuithe dea-chleachtais a mheasúnú thar réimse leathan eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí.

D’oibrigh Michael go dlúth le gníomhaireachtaí rialacháin agus tá taithí ar leith aige bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm iniúchadh timpeallachta agus/nó scéimeanna faoi Threoracha agus Rialacháin éagsúla an AE.

Bhí Michael ina Stiúrthóir agus ina chomhalta Boird ar bhoird éagsúla in Éirinn, san Ríocht Aontaithe, san Iodáil agus sa tSeapáin agus tá MSc aige i mBeartas agus Rialacháin Eorpach maidir leis an gComhshaol agus BSc in Eolaíocht an Chomhshaoil.

### Geoffrey Darling
**Stiúrthóir**

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheap Geoff don Bhord i mí Iúil 2014. Is comhairleoir loingis agus infheisteoir i longa é Geoff agus tá níos mó ná 40 bliain de thaithí aige laistigh den tionscal loingseoireachta, ar muir agus ar tír araon.

Is bunaitheoir é Geoff de ghrúpa infheistíochta príobháideach sa tionscal loingseoireachta agus is comhairleoir é dó freisin. Déanann an comhlacht bainistíocht tráchtála ar longa, déanann sí comhinfheistíocht iontu, agus ceannaíonn agus tógann sí iad i ndeighleoga margaidh loingis éagsúla.

Mar chomhairleoir, tugann sé comhairle do chliaint éagsúla maidir le gnéithe tráchtála agus oibríochta laistigh den tionscal loingseoireachta.

Bhí Geoff ina scairshealbhóir/stiúrthóir bunaidh ar comhlacht bainistíochta loingseoireachta tráchtála neamhspleách. Tháinig fás ar an gcomhlacht agus anois tá sí mar cheann de na sainoibreoirí tosaigh maidir le soithí sceire. Díoladh an comhlacht in 2005.

Clúdaíonn a chuid taithí go leor róil bhainistíochta éagsúla bunaithe ar tír laistigh den tionscal loingseoireachta. Is máistir mhairneálach aicme 1 é Geoff atá cáilithe agus a bhfuil go leor taithí aige, cuimsíonn a chuid taithí mara cúig bliana déag ag trádáil ar fud an domhain i gcéimeanna mara lena n-áirítear Captaen.

### Michael Hand
**Stiúrthóir**

Ceapadh Michael Hand ar Bhord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Feabhra 2018 ar feadh tréimhse trí bliana agus athcheapadh é i mí Feabhra 2021 ar feadh cúig bliana eile. Tá an-taithí ag Michael tar éis 40 bliain a chur de mar cheannaire sinsearach sna hearnálacha Comhairleoireachta, Innealtóireachta agus Tógála in Éirinn. Bhí ról aige mar Stiúrthóir agus mar Stiúrthóir Bainistíochta ar chuideachtaí príobháideacha, poiblí agus stáit, san áireamh 6 bliana mar POF agus mar Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Tá teist go dtí seo aige i mórthionscadail bhonneagair straitéiseacha a dhearadh agus a sholáthar ar fud na hÉireann agus is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin é ar EirGrid, ar Innealtóirí Comhairleacha JB Barry agus ar Chomhairleacht Seandálaíochta na hÉireann. Lena hais sin, tá ainm déanta aige dó féin mar oibrí deonach agus Stiúrthóir san earnáil pobail dheonach.

Tá Michael thar a bheith cáilithe in Innealtóireacht agus Gnó. Tá Céim aige san Innealtóireacht Shibhialta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bronnadh Dochtúireacht Oinigh air ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Iar-Institiúid Teicneolaíochta BÁC) i 2014 mar aitheantas dá raibh bainte amach aige mar innealtóir, mar fhostaí seirbhíse poiblí agus mar ghníomhaí ar mhaithe lena phobal féin. Is Comhalta de cheithre institiúid ghairmiúla é agus is Innealtóir Cairte, Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce & Comhshaoil é.

### Keith Nolan
**Stiúrthóir**

Ceapadh Keith ar Bhord Chalafort Átha Cliath i Meán Fómhair 2017. Chuaigh Keith isteach sa Chomhlacht i 1997 agus bhí ról aige mar ríomhchláraitheoir TF. Ó shin i leith, chuaigh Keith ar aghaidh go dtí a ról reatha mar Bhainisteoir Oibríochtaí TFC, ag glacadh níos mó freagrachtaí agus ag cur feabhas ar a chuid scileanna ar an mbealach.

Tá taithí ar leith ag Keith le TFC agus i rith a 24 bliain sa Chomhlacht, fuair sé blaiseadh de gach rannóg den eagraíocht agus d'Oibríochtaí Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ar fad.

Is comhalta seanbhunaithe de CSTGT é Keith agus tá sé bainteach go gníomhach le ról lárnach ar choiste rannóige CSTGT ar feadh beagnach 20 bliain.

### Michael Sheary
**Rúnaí an Chomhlachta & Príomhoifigeach Airgeadais**

Chuaigh Michael Sheary isteach sa Chomhlacht i 1982 agus bhí go leor ról sinsearach aige, ról mar Rialtóir Cúnta Airgeadais san áireamh, go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí Cuideachta agus mar Phríomhoifigeach Airgeadais in 2001. Ó shin tá maoirseacht déanta ag Michael ar fheidhmeanna airgeadais, dlíthiúla agus riaracháin an Chomhlachta.

Cáilíodh Michael mar Chuntasóir Cairte Deimhnithe i 1988 agus glacadh é mar Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe i 1996. Is Stiúrthóir é de Chuideachta Gníomhaíochtaí Ainmnithe (DAC) Dhroichead na Rinne agus tá ionadaíocht déanta aige roimhe seo ar son Chomhlacht Chalafort Átha Cliath mar Stiúrthóir ar East Link Limited. Feidhmíonn Michael chomh maith mar iontaobhaí de scéim pinsin le Sochar Sainithe Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.


WES JANINE
9A


DSG
DOYLE SHIPPING GROUP
LIEBHERR
CHINA SHIPPING
CMA CGM



# Ráiteas ón gCathaoirleach

"Ní hamháin go raibh feidhmíocht láidir airgeadais ann ach bhí feidhmíocht stóinsithe i dtéarmaí tréchuir ann leis. Cé go raibh leibhéil ioncaim níos ísle ann mar thoradh ar na méideanna tréchuir ísle, bhíomar in ann ár gcostais oibriúcháin a laghdú sa chaoi gur coinníodh Brabús Oibriúcháin agus EBITDA ag leibhéil 2019."

**Jerry Grant, Cathaoirleach**

## Athbhreithniú Trádála agus Airgeadais

Níl aon amhras ach gur bhliain dheacair a bhí i 2020 dúinn in Éirinn – don tsochaí ina hiomláine agus don gheilleagar araon. Le linn phaindéim Covid-19 a bheith ar siúl nuair a buaileadh an tír ag an gcéad tréimhse ghlasála i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine, tháinig laghdú ollmhór ar mhéideanna trádála ag teacht trí Phort Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, d'athchóirigh an Comhlacht a hionchais Bhuiséid do 2020 síos ó fhás méid réamh-mheasta de 4% don bhliain go laghdú féideartha de 23%.

Ba léir an tábhacht a bhaineann le Port Bhaile Átha Cliath do gheilleagar oscailte na hÉireann agus dár gcumas trádáil a éascú i rith na bliana 2020. D'ainneoin dhúshláin Covid-19 agus na ndúshlán eile a bhaineann le Brexit, bhí an laghdú ar an méid i bhfad níos lú ná an eagla a bhí ann agus b'ionann tréchur don bhliain agus 36.9m tona arb ionann le laghdú 3.3% ar thréchur 2019 (38.1 m tona). Bhí toirteanna luainithe dothuartha ann i rith na bliana ó ráithe go ráithe:

— Bhí an chéad ráithe de 2020 mall ( 4.9 %) i gcomparáid leis an gcéad ráithe láidir i 2019 a bhí faoi thionchar stoc-charnadh Brexit roimh an gcéad dáta a beartaíodh i gcomhair Brexit an 31 Márta 2019

— Bhí an dara ráithe de 2020 an-deacair ( 17.0%) mar gheall ar an bpaindéim le laghduithe an-mhór ar mhéideanna i mí Aibreáin ( 26.2%) agus Bealtaine ( 20.5%)

— Mar sin féin, tháinig méadú +1.1% ar mhéideanna sa tríú ráithe

— Tháinig deireadh leis an mbliain sin le ceathrú ráithe an-láidir (+ 7.6 %) faoi stiúir an dara babhta a bhí mar bhabhta deiridh de stoc-charnadh Brexit. Laistigh den cheathrú ráithe, i mí na Nollag amháin bhí na méideanna chun tosaigh faoi +21.7%

I dtéarmaí foriomlána, ní raibh an trádáil aonadaithe (Ró-Ró agus Ló-Ló le chéile) ach 2% níos ísle ná mar a bhí i 2019 agus bhí na bulcmhodhanna 9.8% níos ísle ná mar a bhí an bhliain roimhe sin.

Mar chuid de na bulcmhodhanna, tháinig méadú suntasach arbh ionann le 7.6% ar bhulcsholaid le linn na bliana agus tháinig laghdú 17% ar an earnáil bulcleachtach. Is ionann an laghdú i mbulcleachtanna agus os cionn 62% den laghdú foriomlán don bhliain agus léiríonn sin an leibhéal níos ísle d'allmhairí breosla mar thoradh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch níos ísle agus go háirithe na leibhéil ísle gníomhaíochta a bhí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ní hamháin go raibh feidhmíocht láidir airgeadais ann ach bhí feidhmíocht stóinsithe i dtéarmaí tréchuir ann leis. Cé go raibh leibhéil ioncaim níos ísle ann mar thoradh ar na méideanna tréchuir ísle, bhíomar in ann ár gcostais oibriúcháin a laghdú sa chaoi gur coinníodh Brabús Oibriúcháin agus EBITDA ag leibhéil 2019.

Is iad seo a leanas na príomhphointí i ndáil leis sin:

— Tháinig laghdú 6.6% ar an láimhdeachas ó €92.7m go dtí €86.6m

— Tháinig laghdú 11.1% ar chostais oibriúcháin ó €48.5m go dtí €43.1m

— D'fhan Brabús Oibriúcháin ag €44.2m

— D'fhan tuilleamh roimh ús, roimh cháin, roimh dhímheas, agus roimh amúchadh (EBITDA) ag €53.9m

— Tháinig laghdú 11.4% ar an mBrabús don Bhliain Airgeadais ó €38.6m go dtí €34.2m

## Máistirphlean Phort Bhaile Átha Cliath 2040 – *Athbhreithnithe in 2018*

Is é raison d'etre Chomhlacht Chalafort Átha Cliath an bonneagar calafoirt is gá chun trádáil idirnáisiúnta earraí a éascú a sholáthar. Agus é sin san áireamh, tá an Bord ag díriú ar a chinntiú go seachadtar cumas poirt in am trátha chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha na tíre san fhadtéarma.

Cuireann Máistirphlean an Chomhlachta 2040 – Athbhreithnithe in 2018 fís i láthair d'fhorbairt an Chalafoirt amach anseo agus scrúdaítear go grinn ann conas an úsáid is fearr a bhaint as an talamh atá faoi láthair ag Port Bhaile Átha Cliath.

Tá an Máistirphlean curtha le chéile ag DPC d'fhonn:

— Plean d'fhás inbhuanaithe amach anseo agus d'athruithe chun trádáil muiriompartha a éascú in earraí agus i ngluaiseachtaí paisinéirí go hÉirinn agus go dtí réigiún Bhaile Átha Cliath agus uaidh go háirithe,

— Comhthéacs foriomlán a sholáthar do chinntí infheistíochta amach anseo,

— Beartais reatha náisiúnta agus réigiúnacha, treoirlínte áitiúla agus tionscnaimh áitiúla a léiriú agus foráil a dhéanamh maidir leo,

— A áirithiú go mbeidh comhchuibheas ann idir na pleananna don Chalafort agus na pleananna do Limistéar Dugthailte Bhaile Átha Cliath, Cathair Bhaile Átha Cliath agus contaetha in aice láimhe laistigh de mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath,

— Cinnteacht a thabhairt do chustaiméirí faoin gcaoi a bhforbróidh an Calafort amach anseo chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh.

Ullmhaíodh an Máistirphlean tar éis don DPC dul i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara, agus léiríonn sé sin an chaoi a n-oibreoidh an DPC chun an Calafort a chomhtháthú níos fearr leis an gCathair agus le muintir Bhaile Átha Cliath.

### Tionscadal Athfhorbartha 'Bháisín Alexandra'

Le linn 2020 leanamar ar aghaidh leis an gcéad cheann de na trí thionscadal um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (SID) a chur chun feidhme a bhfuil gá leo chun an fhís iomlán den Mháistirphlean – an Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra (ABR) a sheachadadh.

Chomh maith le hacmhainn láimhseála lastais bhreise a chur ar fáil, rannchuidíonn an tionscadal ABR le saoráidí calafoirt a phrofáil amach anseo trí chóiríocht a chur ar fáil do shoithí níos mó ó thaobh fad agus tarraingt soithí araon.

I measc na bhforbairtí tá ballaí reatha an ché a dhoimhniú agus a shíneadh, soláthar nua 250 méadar ar fad de lamairne Ró-Ró mar aon le dhá bheart nua de chuid Ró-Ró laistigh den abhantrach istigh, líonadh an abhantraí ag bearta 52/53, tógáil leaba abhann nua agus dreidireacht an chainéil loingseoireachta go doimhneacht 10m faoi bhun an tagra cairte.

I rith na bliana, chinn an Comhlacht gan dul chun cinn a dhéanamh le hathfhorbairt an tSínidh ar Ché an Phoirt Thuaidh mar chuid den Tionscadal ABR chun beart a chur ar fáil do na longa cúrsála is mó tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí ar eascair foilsiú na tuarascála maidir le Comhairliúchán Cúrsála as in Aibreán 2020.

### Tionscadal MP2

I mí Iúil 2020, thug an Bord Pleanála cead pleanála cúig bliana déag don Tionscadal MP2, an dara ceann de na trí SID a theastaíonn chun Máistirphlean 2040 a sheachadadh.

Leis an gcead pleanála sin, beifear in ann dhá bheart a thógáil a mbeidh fad iomlán 545 méadar acu i gcás longa coimeádáin Ló-Ló agus dhá leaba a mbeidh fad iomlán 572 méadar acu i gcás báid farantóireachta Ró-Ró. Áireofar leis an tionscadal athfhorbairt a dhéanamh ar cheann de na lamairní ola atá ann cheana chun beart breise a chur ar fáil do longa coimeádáin nuair agus de réir mar a laghdóidh an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise go buan mar fhreagairt ar bheartais náisiúnta maidir leis an athrú aeráide.

Déanann an Tionscadal MP2 foráil freisin d'fhorbairt chrios oidhreachta ag an gceann thoir de Phort Bhaile Átha Cliath mar an pointe críochnaithe don timthriall 3.2 ciliméadar agus an bealach glas do choisithe a bheidh le tógáil feadh imeall thuaidh an chalafoirt ag breathnú amach ar Inbhear na Tulcaí. Tá na bearta comhshaoil seo mar chuid lárnach den MP2 faoi mar a cheadaigh an Bord Pleanála iad. Cuirfear tús le tógáil an bhealaigh ghlais seo i mbliana.

Tá oibreacha a beartaíodh faoi Thionscadal MP2 á bpleanáil faoi láthair agus táthar ag súil go dtosóidh na chéad ghnéithe de siúd i 2022.

Leis an Tionscadal ABR, atá á thógáil faoi láthair, agus an Tionscadal MP2, tá na ceadanna pleanála ar fad a theastaíonn le haghaidh na n-oibreacha forbartha móra atá beartaithe ar an taobh thuaidh den Chalafort faoi Mháistirphlean 2040 faighte anois ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath.

### Tionscadal 3FM

Baineann an tríú Tionscadal Máistirphleanála – an Tionscadal 3FM – le tailte calafoirt a fhorbairt ar Leithinis an Phoill Bhig agus droichead nua a thógáil trasna na Life chun Bealach Rochtana Calafoirt Theas a chur ar fáil do Thrácht HGV a bhaineann leis an gcalafort. Cuirfidh Tionscadal 3FM go mór le soláthar iompair phoiblí agus roghanna maidir le modhanna gníomhacha iompair i gcóngar Phort Bhaile Átha Cliath agus trasna na Life agus isteach i Leithinis an Phoill Bhig. Cuirfidh an Comhlacht tús le comhairliúchán réamhiarratais leis an mBord Pleanála don Tionscadal 3FM i rith 2021.

### Idirphlé Phort Bhaile Átha Cliath Iar-2040

Cé go leanann Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag forbairt Port Bhaile Átha Cliath thar na 20 bliain atá fágtha dá Máistirphlean, ní mór dúinn pleanáil a dhéanamh freisin maidir le conas, cathain agus cén áit a bhféadfaí toilleadh breise calafoirt a chur ar fáil ar chósta thoir na hÉireann faoi 2040 chun leanúint leis an bhfás sna blianta amach romhainn ag na leibhéil atá feicthe againn le 70 bliain anuas agus níos mó.

Tá a fhios againn ón taithí atá faighte againn gur tréimhse sách gearr í fiche bliain ó thaobh tionscadail bhonneagair ar mhórscála a chur i gcrích agus tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtosóimid ag pleanáil anois, ionas gur féidir leanúint ar aghaidh le bonneagar calafoirt riachtanach a fhorbairt go fadtéarmach ar bhealach tráthúil, inbhuanaithe.

Is i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar na riachtanais phleanála fadtéarmacha sin a d'fhoilsigh an Comhlacht sraith de sheacht bpáipéar mar chuid d'Idirphlé Phort Bhaile Átha Cliath 2040 i rith na bliana lena chinntiú go mbeidh comhairliúchán luath, cuimsitheach againn ar an tsaincheist thábhachtach náisiúnta seo. Tá sé thar a bheith dúshlánach pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh ar bhonneagar mór agus ní féidir tús a chur léi róluath.

Leis na páipéir, d'fhéach an Comhlacht leis na dúshláin atá romhainn a mhíniú agus a chur i gcomhthéacs agus pleanáil á déanamh ar sheachadadh fadtéarmach chumas an chalafoirt chun freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo ar chósta thoir na hÉireann faoi 2040, nó níos luaithe ná sin.

Tá na tuairimí a chuirtear in iúl sna páipéir bunaithe ar ghlacadh intuigthe leis an gconair forbartha a leagtar amach i Máistirphlean 2040 chun leanúint de Phort Bhaile Átha Cliath a fhorbairt san áit a bhfuil sé go dtí go mbaineann sé a chumas sprioc iomlán de 77 milliún olltonna in aghaidh na bliana a bhaint amach agus leanúint de bheith ag feidhmiú an chumais sin i bhfad i ndiaidh 2040.

Leagtar amach sa pháipéar deiridh dar teideal *"Roghanna d'fhorbairt limistéar glas ar thoilleadh breise chalafoirt an chósta thoir"* cineál agus scála an dúshláin forbartha mura mbainfear spriocanna Mháistirphlean 2040 amach agus mura gcuirfear toilleadh breise ar fáil i gcalafoirt eile de chuid an chósta thoir, ag glacadh leis go mbainfear amach na réamh-mheastacháin fáis atá ann faoi láthair.

B'ionann sin agus calafort nua a thógáil ag láthair úrnua ar chósta thoir na hÉireann, agus go mbeadh sé réidh le feidhmiú laistigh de 20 bliain faoi 2040. Measaimid go mbeadh costas €3.9 billiún – €4.2 billiún le cur i dtoll a chéile (i bpraghsanna 2020) ag gabháil le port nua, ar a dtugtar DP1.5, sa réigiún, ag glacadh leis go mbeadh dúshláin shuntasacha maoinithe ann agus go bhféadfaí an toiliú riachtanach a fháil chun tionscadal den mhéid sin a sheachadadh.

Agus anailís á déanamh ar na saincheisteanna a chlúdaítear leis na páipéir, tá an Comhlacht tar éis sé cinn de chonclúidí tábhachtacha a bhaint amach:

1. Ní mór do Chomhlacht Chalafort Átha Cliath na tionscadail uile atá leagtha amach i Máistirphlean 2040 a thabhairt chun críche chun bonneagar a sheachadadh a mbeidh cumas tréchuir 77 milliún olltonna bliantúil aige faoi 2040.
2. Go criticiúil, beidh gá le cead pleanála chun an tríú Tionscadal Máistirphlean agus an ceann deireanach, ar a dtugtar Tionscadal 3FM, a fháil.
3. Chun tréchur de 77 milliún olltonna in aghaidh na bliana a bhaint amach faoi 2040, ní hé amháin go gcaithfear na tionscadail bhonneagair uile i Máistirphlean 2040 a chur i gcrích; Ceanglófar leis freisin go dtiocfaidh méadú mór ar éifeachtúlacht oibríochtaí calafoirt ionas go mbeifear in ann úsáid a bhaint as an mbonneagar calafoirt a mhéid is féidir. Chuige sin, ní mór neamhéifeachtúlachtaí sistéamacha in oibríochtaí reatha an tslabhra soláthair a dhíothú.
4. Sna 20 bliain amach romhainn, beidh gá le toilleadh breise ag calafoirt chósta thoir eile atá ann cheana ionas gur féidir freastal ar na méideanna nach féidir freastal orthu i mBaile Átha Cliath, de réir mar a théann Port Bhaile Átha Cliath i dtreo a thoillte iomláine.
5. I rith na 20 bliain sin, beidh ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath obair a dhéanamh ar thionscadal DP1.5 ionas gur féidir é a thabhairt tríd an bpróiseas pleanála agus tosú ag tógáil faoi 2033 má bhíonn gá leis sin.
6. Ní féidir na tionscadail chun acmhainní breise a chur ar fáil i gcalafoirt eile agus an tionscadal chun DP1.5 a thógáil a chur i gcrích ach le tacaíocht Stáit – níl aon cheann de na tionscadail ná aon cheann de na cuideachtaí calafoirt (Comhlacht Chalafort Átha Cliath san áireamh) in ann an maoiniú tionscadail a bheadh ag teastáil a thógáil.

Tá an t-eolas, an saineolas agus sonraí eolaíochta agus comhshaoil a fuarthas laistigh den Chuideachta trí mhórthionscadail bhonneagair a sheachadadh i gCalafort Bhaile Átha Cliath thar na deich mbliana mar bhuntaca do na tuairimí a léirítear sna páipéir.

Aithnímid, áfach, go bhfuil dearcthaí malartacha ann, lena n-áirítear dearcadh atá ann le fada gur cheart Port Bhaile Átha Cliath a bhogadh ón suíomh ina bhfuil sé faoi láthair.

Dá bhrí sin, is é an cuspóir atá le páipéir Idirphlé Phort Bhaile Átha Cliath 2040 a fhoilsiú ná plé eolasach agus rannpháirtíocht shubstainteach a thionscnamh agus a éascú maidir le príomhcheisteanna a bhfuil freagraí ag teastáil maidir leo ag an tráth ríthábhachtach seo, eadhon:

- Cén leibhéal toillte calafoirt a bheidh le cur ar fáil chun freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo ar chósta thoir na hÉireann sna 20 bliain amach romhainn?
- Cá gcuirfear an toilleadh breise sin ar fáil?
- Conas a dhéanfar na tionscadail is gá chun an toilleadh breise sin a chur i gcrích a mhaoiniú agus a sheachadadh?

Tá cuireadh tugtha againn do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu i bpleanáil agus i bhforbairt fhadtéarmach an Chalafoirt agus na Cathrach araon, iad siúd ar mian leo dúshlán a thabhairt faoi smaointeoireacht agus faoi fhorbairt an Chomhlachta go dtí seo chun a gcuid smaointe a fhreagairt agus a roinnt ionas gur féidir cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le bonneagar calafoirt a fhorbairt amach anseo i bPort Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna eile ar an gcósta thoir, ag luí le pleananna agus straitéisí ábhartha laistigh den ordlathas pleanála náisiúnta.

## Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an bhfoireann go léir ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath as a gcuid tiomantas leanúnach le linn na bliana seo a raibh dúshláin ar leithligh ag gabháil léi. Tá an tslí ina ndeachaigh gach duine i dtaithí ar imthosca Covid-19 eiseamláireach. Go háirithe, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Eamonn O'Reilly agus aitheantas a thabhairt dá cheannaireacht oilte agus don tslí ghairmiúil ina leanann sé de bheith ag stiúradh an Chomhlachta.

I mbliain atá thar a bheith deacair don earnáil iompair ina hiomláine, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara uile as ucht a dtacaíocht leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus leis an bhfoireann díograiseach sa Roinn Iompair as a dtacaíocht agus rannpháirteachas gníomhach linn i rith 2020.

Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid oibre le linn na bliana seo caite. Ba mhaith liom aitheantas speisialta a thabhairt do na rannchuidithe ó Lesley Williams agus ó Helen Collins a bhfuil a dtéarmaí oifige mar Stiúrthóirí tugtha chun críche le déanaí.

**Jerry Grant,** Cathaoirleach
*26 Márta 2021*

# RÓ-RÓ







# Athbhreithniú ón bPríomhfheidh-meannach

"Is é an cur isteach sin ar thrádáil a chonacthas i 2020 an dara huair laistigh de thrí bliana déag a bhuail an geilleagar domhanda, an ceann roimhe sin de bharr an chliste eacnamaíoch i 2008. Mar sin féin, fiú leis an laghdú 3.3% i 2020, tá méideanna lastais fós 19.2% chun tosaigh ar fhigiúirí 2007."

**Eamonn O'Reilly, Príomhfheidhmeannach**

## Trádáil i 2020

Tar éis cúig bliana d'fhás leanúnach go dtí 2019, tháinig laghdú 3.3% ar mhéideanna i 2020 in aghaidh na bliana de dheasca phaindéim Covid-19 den chuid is mó, ach freisin mar gheall ar rialuithe teorann ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe a bheith tugtha isteach.

Is é an cur isteach sin ar thrádáil a chonacthas i 2020 an dara huair laistigh de thrí bliana déag a bhuail an geilleagar domhanda, an ceann roimhe sin de bharr an chliste eacnamaíoch i 2008. Mar sin féin, fiú leis an laghdú 3.3% i 2020, tá méideanna lastais fós 19.2% chun tosaigh ar fhigiúirí 2007.

Le himeacht gach bliana, tagann méadú ar an sciar den trádáil a chaitear ar na modhanna aonadaithe (Ró-Ró agus Ló-Ló le chéile) agus i 2020, b'ionann na modhanna aonadaithe agus 84.1% den tréchur iomlán de 36.9m olltonna. In 2007, b'ionann agus 78.5% an céatadán coibhéiseach.

Le linn 2020, tháinig laghdú 0.5% ar líon foriomlán na méideanna aonadaithe le hardú 0.2% ar Ró-Ró agus titim ar Ló-Ló de 2.0%.

Tháinig laghdú ceathrú ar allmhairí Feithiclí Trádála.

I gcomparáid leis na modhanna aonadaithe, tháinig laghdú suntasach 9.8% ar bhulcearraí neamhaonadaithe faoi thionchar laghdú 17.0% in allmhairí Bulc Leachtacha, arb iad táirgí peitriliam a bhí freagrach astu go léir, nach mór.

Bíonn éagsúlacht mhór ó bhliain go bliain sa mhodh Bulc Sholaid, arb éard atá ann go príomha beatha ainmhithe agus gránaigh a allmhairiú, agus tiúcháin mianach a onnmhairiú, bunaithe ar thosca ar nós na haimsire agus na margaí idirnáisiúnta tráchtearraí. I 2020, bhí na méideanna 7.6% chun tosaigh ar na blianta roimhe sin. I gcás onnmhairí ó Boliden Tara Mines, bhí an bonneagar nua lódála méine a tógadh mar chuid den Tionscadal ABR i bhfeidhm go hiomlán le linn 2020.

Bhí tionchar an-mhór ag srianta taistil a tugadh isteach mar gheall ar Covid-19 ar thionscal na turasóireachta agus bhí tionchar mór diúltach ar líon na bpaisinéirí i rith na bliana.

I gcás líon na bpaisinéirí ar bháid fharantóireachta – go dtí an Ríocht Aontaithe den chuid is mó ach ar an tseirbhís chun na Fraince freisin a bhfuil borradh fúithi anois – tháinig laghdú 57.3% ar líon na bpaisinéirí agus tháinig laghdú 61.6% ar líon na bhfeithiclí turasóireachta. Ba thiománaithe HGV formhór an 833,000 paisinéir a thaistil ar bháid fharantóireachta trí Phort Bhaile Átha Cliath le linn 2020.

Bhí an tionchar ar an earnáil chúrsála níos drámata fós agus níor tháinig ach long bheag chúrsála amháin go Port Bhaile Átha Cliath le linn na bliana.

### Allmhairí/Onnmhairí

| '000 olltona | 2020 | 2019 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Allmhairí | 21,714 | 22,858 | -5.0% |
| Onnmhairí | 15,150 | 15,280 | -0.8% |
| **Iomlán** | **36,864** | **38,138** | **-3.3%** |

### Méideanna aonadaithe

| | 2020 | 2019 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Aonaid Ró-Ró | 1,060,979 | 1,059,103 | 0.2% |
| Aonaid Ló-Ló | 423,715 | 432,510 | -2.0% |
| **Iomlán na n-aonad** | **1,484,894** | **1,491,613** | **-0.5%** |
| Aonaid choibhéise fiche troigh Ló-Ló | 758,013 | 774,000 | -2.1% |
| Feithiclí trádála | 74,373 | 98,897 | -24.8% |

### Neamhaonadaithe

| | 2020 | 2019 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Tonaí Bulc Leachta | 3,871 | 4,662 | -17.0% |
| Tonaí Bulc Sholad | 1,957 | 1,820 | 7.6% |
| Briseadh Builc | 33 | 17 | 94.1% |
| **Iomlán na n-aonad neamhaonadaithe** | **5,861** | **6,499** | **-9.8%** |

### Líon na bpaisinéirí ar bháid fharantóireachta


| | 2020 | 2019 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Paisinéirí farantóireachta | 832,816 | 1,949,229 | -57.3% |
| Feithiclí turasóireachta | 214,700 | 559,506 | -61.6% |

### Turasóireacht Chúrsála

| | 2020 | 2019 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Cuairteanna long chúrsála ar phort | 1 | 158 | -99.4% |
| Paisinéirí agus criú | 956 | 323,234 | -99.7% |
| Olltonnáiste | 37,049 | 8,792,405 | -99.6% |
| Olltonnáiste meánach in aghaidh na loinge | 37,049 | 55,648 | -33.4% |


### Olltonaí d'allmhairí/onnmhairí 2020

Olltonaí i milliúin




### Móid olltonaí 2020

Olltonaí i milliúin



## Feidhmíocht Airgeadais i 2020

Tháinig laghdú €6.1m (6.6%) ar an láimhdeachas don bhliain ó €92.7m i 2019 go dtí €86.6m i 2020. Ba é an laghdú sin ba chúis le titim 7.8% ar líon na soithí a tháinig isteach agus lastas níos ísle mar thoradh ar an titim 3.3% i dtréchur.

Laghdaigh costais oibriúcháin don bhliain faoi €5.4m (11.1%) ó €43.1m in 2020 go dtí €48.5m an bhliain roimhe sin:

— Bhí costais dímheasa (glan ar amúchadh deontais) €0.8 m níos airde in 2020 ag €10.5m. Léiríonn sé seo an bonn sócmhainní seasta níos airde a eascraíonn as clár infheistíochta caipitil mhóir an Chomhlachta.

— Tháinig méadú arb ionann le €0.1m ar chostais phinsin (€2.1m)

— Bhí costais atheagrúcháin ag €1.1m sin €1.8m níos ísle i 2020 i gcomparáid le 2019.

— Bhí costais oibriúcháin laethúil €4.5m níos ísle ag €29.4m i gcomparáid le €33.9m in 2019. Ba iad na príomhthiomántóirí le haghaidh laghdú ná rátaí (mar thoradh ar pháirt-tarscaoileadh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar fhreagra ar phaindéim Covid-19) agus táillí gairmiúla níos ísle i ndiaidh caiteachais i rith 2019 ar chostais phleanála agus deartha a bhain le Tionscadal MP2 agus an Máistirphlean Odlums.

Baineann €0.7m d'ioncam oibriúcháin eile i 2020 le méadú ar luacháil réadmhaoin infheistíochta an chomhlachta, "P5", atá lonnaithe i bPáirc Gnó Rinn an Oirthir.

Ag glacadh leis an méid thuas le chéile, bhí brabús oibriúcháin suntasach ag an gComhlacht i 2020 de €44.2m, agus ní raibh sé sin ach 0.2 % níos ísle ná mar a bhí i 2019.

B'ionann an muirear cánachais don bhliain agus €5.4m, i gcomparáid le €6.0m i 2019.

Ba é an brabús don Bhliain Airgeadais 2020 ná €34.2m, i gcomparáid le €38.6m i 2019, arbh ionann é agus laghdú €4.4m (11.4%).

### Feidhmíocht Airgeadais 2020

| €'000 | 2020 | 2019 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | 86,596 | 92,723 | -6.6% |
| Brabús Oibriúcháin | 44,150 | 44,229 | -0.2% |
| PBT | 39,689 | 44,619 | -11.1% |
| PAT | 34,251 | 38,645 | -11.4% |

### TRÚCDA

| €'000 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 44,150 | 44,229 |
| Dímheas | 11,085 | 10,318 |
| Amúchadh | (564) | (582) |
| Ioncam eile | (665) | - |
| Míreanna neamhghnácha – brabús ar dhiúscairt sócmhainní | (40) | (5) |
| **TRÚCDA** | **53,966** | **53,960** |

### Glanfhiachas

| €m | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Iasachtaí | 293.4 | 198.6 |
| Airgead tirim | 160.1 | 77.3 |
| **Glanfhiachas** | **133.3** | **121.3** |

I bhfianaise fhócas an Chomhlachta ar chlár caipitil mór fiachas-mhaoinithe a sheachadadh, tá sé tábhachtach leibhéal na mbrabús airgid arna thomhas ag EBITDA (an tuilleamh roimh ús, roimh cháin, roimh dhímheas agus roimh amúchadh) a choinneáil. I rith 2020, b'ionann EBITDA agus €53.9m, beagnach, díreach mar a bhí i 2019.

Ba é an Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (ROCE) don bhliain 2020 ná 7.4%, i gcomparáid le 8.2% i 2019, rud a léirigh an infheistíocht shuntasach a rinneadh i sócmhainní seasta i gcaitheamh na bliana. B'ionann agus €613.1m ar an iomlán sócmhainní seasta an Chomhlachta ag deireadh 2020 i gcomparáid le €564.5m ag deireadh 2019. Tháinig an ghluaiseacht i mbliana as breisithe €59.1m a ndéanann dímheas €11.1m cúiteamh orthu.

Is é seo thíos achoimre ar an nglanriocht fiachais amhail ag deireadh na bliana.

Mhéadaigh an láimhdeachas don bhliain le €94.8 go €293.4m. Rinneadh €100.0m eile a tharraingt anuas faoin tsaoráid fiachais láithrithe phríobháidigh €300.0m le Allianz (agus tugtar cistí iomlána arna dtarraingt faoin tsaoráid seo go €200.0m). B'ionann aisíocaíochtaí iasachtaí BEI i rith na bliana agus €5.2m. Tháinig méadú €82.8m ar iarmhéideanna airgid agus mar thoradh air sin tháinig méadú €12.0m ar ghlansuíomh fiachais an Chomhlachta a sheas ag €133.3m ag deireadh na bliana.



## An Dealramh atá ar Ghnóthaí le haghaidh 2021

Cé go bhfuil go leor dúshlán feicthe againn le blianta beaga anuas, is dúshláin gan fasach iad na dúshláin atá tagtha chun cinn mar thoradh ar Brexit le linn na bliana atá romhainn. Cruthaíonn siad dothuarthacht ollmhór agus tá an cumas acu athrú bunúsach a dhéanamh do na dúshláin straitéiseacha atá os comhair na Cuideachta.

Tháinig borradh mór i 2019 agus arís i 2020 faoi mhéideanna don ráithe roimh an 31 Márta 2019, an dáta a céadbheartaíodh le haghaidh Brexit agus, ina dhiaidh sin, an dáta Brexit a bhí ann ar deireadh, amhail an 31 Nollaig 2020.

Le linn 2021, tá laghdú suntasach tagtha ar bhuntáistí geografacha Chalafort Bhaile Átha Cliath idir na córais rialaithe teorann a bhíonn ag seoltóirí earraí chuig agus ón Ríocht Aontaithe a úsáideann Calafort Bhaile Átha Cliath, agus iad siúd a bhaineann úsáid as calafoirt i dTuaisceart Éireann. Ina theannta sin, is míbhuntáiste do Phort Bhaile Átha Cliath é, ar an gcaoi chéanna, go bhfuil an Riocht Aontaithe ag cur rialuithe teorann allmhairithe ar earraí a onnmhairítear le linn 2021 ar sheirbhísí Ró-Ró ó Phort Bhaile Átha Cliath agus mealltacht laghdaithe dhroichead na talún.

Is é an toradh glan a bheidh ar Brexit ná an fás a laghdú, nó a lánleibhéal lastais a laghdú fiú, ar na bealaí ó Phort Bhaile Átha Cliath go calafoirt Holyhead, Learpholl agus Heysham. Mar sin féin, tá an iarmhairtí Brexit dinimiciúil agus dothuartha agus ní féidir méid an tionchair dhiúltaigh a bheidh ar an méid sin a thuar ag an bpointe seo. Tógfaidh sé an chuid is mó de 2021 chun na treochtaí sin agus a n-iarmhairtí fadtéarmacha a thuiscint.

Ag fritháireamh na héifeachta diúltaigh seo, tá méadú suntasach tagtha ar an bhfás ar aon trian dár méideanna aontaithe (Ró-Ró agus Ló-Ló le chéile) ar sheirbhísí díreacha chuig Ilchríoch na hEorpa agus táthar ag súil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh le linn 2021.

Léireoidh na treochtaí éagsúla i méideanna na Ríochta Aontaithe agus i méideanna Ilchríochacha na hEorpa iad féin mar chion níos airde d'aonaid neamhthionlactha trí chomparáid a dhéanamh le haonaid thionlactha. De bharr na éifeachta sin, agus gur cailleadh 14.6 heicteár de thailte calafoirt ganna do sheirbhísí Stáit le haghaidh saoráidí rialaithe teorann, tiocfaidh laghdú ar thoilleadh iomlán an Chalafoirt agus tá an dáta a mbainfidh Port Bhaile Átha Cliath a thoilleadh iomlán amach níos gaire dá bharr.

In ainneoin na dothuarthachta a bhaineann le Brexit, agus mar gheall ar an easpa toillte suntasaigh bhreise i bPort Bhaile Átha Cliath agus i gcalafoirt eile na hÉireann, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar breise bunaithe ar thoiliú pleanála atá ann cheana féin agus ag an am céanna pleananna a thabhairt chun cinn le haghaidh forbairtí fós níos mó faoi Mháistirphlean 2040.

Le linn 2021, tosóimid ar chomhairliúchán réamhiarratais leis an mBord Pleanála d'fhonn iarratas a dhéanamh ar dheonú cead pleanála cúig bliana déag don Tionscadal 3FM i 2023. Faoi réir gach toiliú riachtanach a fháil faoi 2025, d'fhágfadh sé sin go bhféadfaí gach ceann de na hoibreacha forbartha bonneagair i bPort Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích faoi 2040 mar atá leagtha amach i Máistirphlean 2040. Leanfaimid ar aghaidh freisin le tionscadail forbartha i bPort Intíre Bhaile Átha Cliath i rith na bliana.

Níos luaithe ná sin, i rith 2021, tosóimid ar obair dheartha agus soláthair ar an gcéad chéim de na hoibreacha a cheadaítear leis an deontas pleanála Tionscadal MP2 a fuarthas ón mBord Pleanála i mí Iúil 2020.

Chomh maith leis an gcuspóir a leagann síos maidir leis an toilleadh a chur ar fáil do mhéideanna réamh-mheasta go dtí 2040, leagann Máistirphlean 2040 cuspóir níos lú ach chomh tábhachtach céanna síos, is é sin, Port Bhaile Átha Cliath a athimeascadh le Cathair Bhaile Átha Cliath. Le linn 2021, cuirfimid an obair thógála ar Limistéar Oidhreachta Theach Caidéil ar Bhóthar Alexandra i gcrích, tosóimid ag obair ar bhealach glas 3.2km inbhear na Tulchann agus tabharfaimid Tionscadal 1.9km na Life-na Tulchann tríd an bpróiseas pleanála. Bhí cur chuige déach maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i dtoilleadh láimhseála lastais agus i mbonneagar chun tacú le fóillíocht, oidhreacht agus cultúr i bPort Bhaile Átha Cliath ríthábhachtach chun rath an Phoirt a aisiompú le deich mbliana anuas.

Tá infheistíocht chaipitil €83.7m beartaithe i rith 2021 agus réamh-mheastar infheistíocht €398.0 m thar na cúig bliana amach anseo go dtí 2025. Laghdóidh aon laghdú ar ár bhfás méid réamh-mheasta EBITDA agus beidh tionchar aige ar an leibhéal caiteachais chaipitil is féidir a bheith ann laistigh de shrianta ár gcúnaint fhiachais le hiasachtóirí. Mar sin féin, tá infheistíochtaí soláimhsithe mar bhonn ag Máistirphlean 2040 agus ag ár gclár caipitil - rud a thugann cead dúinn gan dul thar fóir le caitheamh caipitil a ghealladh agus chomh maith leis sin a bheith in ann infheistíocht amach anseo a chur siar más gá. I rith 2021, coinneofar an caiteachas caipitiúil atá beartaithe faoi athbhreithniú leanúnach ó thaobh riosca airgeadais de. Tá a fhios againn gur féidir linn é sin a dhéanamh de bharr ár dtaithí agus de bharr ár ngníomhartha mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 le linn na bliana seo caite.

Tá sé ríthábhachtach bonneagar breise calafoirt a thógáil más rud é go bhfuil an toilleadh riachtanach tréchuir le soláthar faoi 2040. Mar sin féin, ní leor é ann féin, agus ní mór dúinn a áirithiú go mbainfidh oibreoirí úsáid as tailte agus bonneagar an chalafoirt chomh héifeachtúil agus is féidir. Tá tréchur lastais Chalafort Bhaile Átha Cliath in aghaidh an heicteáir an-ard cheana féin, de réir caighdeáin Eorpacha. Mar sin féin, ní mór dó a bheith dúbailte faoi 2040 agus beidh sé riachtanach gach gné d'oibríochtaí i bPort Bhaile Átha Cliath a dhigitiú. Chun na críche sin, cruthóimid foireann inmheánach laistigh den Chuideachta le linn 2021 chun na córais phobail calafoirt is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach a phleanáil, a fháil agus a chur i bhfeidhm.

Ní féidir forbairt Phort Bhaile Átha Cliath faoi Mháistirphlean 2040 a bhaint amach ach amháin má tá polasaithe pleanála agus iompair ag tacú leo. Le linn 2021, rachaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar aghaidh le hullmhú Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 agus oibreoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a nuashonrú chun an tréimhse 2022-2042 a chlúdach. Ina theannta sin, is dócha go ndéanfar athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort i rith na bliana. Má tá Port Bhaile Átha Cliath chun an rannchuidiú riachtanach a dhéanamh do chumas náisiúnta calafoirt mar chuid mhór de chóras calafoirt na hÉireann, beidh sé riachtanach go mbeidh na gnéithe tábhachtacha beartais, pleanála agus straitéiseacha sin go léir ag teacht le chéile agus ag tacú lena chéile agus ag éascú dúinn ár dtionscadail bheartaithe go léir faoi Mháistirphlean 2040 a sheachadadh.

Ar deireadh, d'ainneoin na feidhmíochta láidre airgeadais i 2020 – le EBITDA gan athrú ag €53.9m – tá riachtanas mór infheistíochta caipitil againn tráth a bhfuil go leor dár gcustaiméirí faoi bhrú mar gheall ar Brexit agus Covid-19. Ní dhearnamar na méaduithe beartaithe ar phraghsanna ar earraí aonadaithe a chur i bhfeidhm i rith 2020, agus ar an gcaoi chéanna coinneoimid ag a leibhéal reatha leibhéil phraghsála na modhanna sin le linn 2021.

Ina fhianaise sin, beidh sé tábhachtach dúinn le linn 2021 go leanfaimid orainn ag rialú agus, nuair is féidir, ár gcostais oibriúcháin a laghdú mar a rinneamar i 2020 agus roimhe sin i 2019.

**Eamonn O'Reilly,** Príomhfheidhmeannach
*26 Márta 2021*

# Bulc





# Tuarascáil na Stiúrthóirí



Cuireann na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil i láthair, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## Freagracht na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. De réir an dlí, tá sé roghnaithe ag na Stiúrthóirí, na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 an *Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an Financial Reporting Council* ("an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí cuideachtaí, níl cead ag na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta amhail ar dháta deireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús agus caillteanas an Chomhlachta sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú don Comhlacht agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a dhearbhú cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ábhartha, na caighdeáin sin a shainaithint, agus nóta a dhéanamh de na hiarmhairtí agus na cúiseanna is bonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- ráiteas airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Comhlacht i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinneoidh an Comhlacht, nó go gcuirfear faoi deara don Chomhlacht taifid chuntasaíochta chruinn a choinneáil, a dhéanann idirbhearta an Chomhlachta a mhíniú agus a thaifeadadh i gceart, a ligeann dóibh sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, agus brabús agus caillteanas an Chomhlachta a dheimhniú go réasúnta cruinn ag aon am, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014, agus a éascaíonn iniúchadh na ráiteas airgeadais. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

D'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann idir an reachtaíocht Éireannach lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Chomhlachta.

## Stádas Dlíthiúil

Cuideachta Ghníomhaíochta Sainithe faoi theorainn scaireanna is ea Comhlacht Chalafort Átha Cliath, ar bunaíodh í faoi reacht de bhun an Acht Cuanta, 1996, agus atá ionchorpraithe in Éirinn. Ar an 3 Márta 1997, tháinig an Comhlacht isteach mar aonán comharba in áit Bhord Poirt agus Dugaí Bhaile Átha Cliath, an t-iar-aonán reachtúil a bhíodh freagrach as Port Bhaile Átha Cliath. Ar an dáta sin, ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath ceannas ar fheidhmeanna na heagraíochta réamhtheachtaí, agus ghlac siad seilbh ar a sócmhainní agus dliteanais, bunaithe ar luachálacha a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am. Mar chomaoin i leith na sócmhainní agus na ndliteanas, d'eisigh an Comhlacht scairchaipiteal ar luach €7.648m don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, bhí an Comhlacht ina húdarás píolótaíochta do Bhá Bhaile Átha Cliath.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2006, aistríodh freagracht as Earnáil na bPort Tráchtála ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an tAire Iompair.

Ar an 12 Iúil 2011, d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Chuideachta Phort Dhún Dealgan chuig Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi IR Uimh. 361 de 2011.

### Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó Comhlacht Chalafort Átha Cliath ná gluaiseacht earraí agus paisinéirí, agus an sreabhadh eolais bainteach, a éascú tríd an bPort.

Soláthraíonn an Chuideachta an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus na láithreacha crua-sheasta le freastal ar riachtanais custaiméirí maidir le haistriú éifeachtúil earraí agus paisinéirí idir móid tíre agus muirí.

Gintear ioncam, maidir leis na háiseanna sin a chur ar fáil, ó na nithe seo a leanas: dleachtanna soithigh, dleachtanna earraí, cíos agus na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tuáil agus píolótaíocht.

### Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun comhlíonadh a ráthú maidir le hoibleagáid an Chomhlachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta in oifig chláraithe an Chomhlachta, Ionad an Phoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

### Athbhreithniú Gnó

Tá mionsonraí faoi bhrabús na bliana, mar aon le suimeanna comparáideacha le haghaidh 2019, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus sna nótaí gaolmhara. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais an ghnóthais leagtha amach thíos agus san Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach.

Bhí an tréchur 3.3% níos ísle ná i 2019 ag 36.9 milliún tona (2019: 38.1 milliún tona). Tháinig laghdú 0.8% ar allmhairí i rith na bliana go dtí 15.2 milliún tona (2019: 15.3 milliún tona), agus tháinig laghdú 5.0% ar onnmhairí go dtí 21.7m tona (2019: 22.8 milliún tona).

Ba é €86.6m láimhdeachas na bliana, laghdú 6.6% ar an mbliain roimhe (2019: €92.7m).

B'ionann agus €43.1m costais oibriúcháin iomlána i 2020; ba laghdú €5.4m (11.1%) é sin ar 2019 (2019: €48.5m). Tá costais phárolla ar an leibhéal céanna le 2019 ag €13.0m. Tá laghdú €5.4m tagtha ar chostais eile nach costais phá iad de bharr costais atheagrúcháin níos ísle de €1.8m den chuid is mó agus rátaí níos ísle de €3.6m mar gheall ar tharscaoileadh rátaí i 2020.

Níl Brabús Oibriúcháin de €44.2m ach 0.2% níos ísle ná 2019 agus mar thoradh air sin tá Corrlach Oibriúcháin ann de 51% (2019: 48%).

D'fhan tuilleamh roimh ús, roimh cháin, roimh dhímheas, agus roimh amúchadh (EBITDA) ag €53.9m.

Ba iad na glanchostais oibriúcháin ná €4.5m (2019: glanioncam maoinithe €0.4m). Is ionann an t-ioncam airgeadais agus €0.6m (2019: €1.1m).

Ba iad na glanmhuirir úis (gan ghlan-ús ar scéimeanna pinsin san áireamh) ná €5.1m (2019: €0.7m) agus is ionann cóimheas cumhdaigh ar ús an Chomhlachta agus cumhdach úis 9 n-uaire (2019: 65 uair), bunaithe ar bhrabús roimh ús agus cáin, de bhreis ar ghlanmhuirir úis. Mhéadaigh an glanfhiachas ó €121.3m i 2019 go dtí glanfhiachas de €133.3m i 2020 agus tá na cúnaint uile á gcomhlíonadh ag an gComhlacht i ndáil lena saoráidí iasachtaíochta.

Ba é brabús na bliana airgeadais ná €34.2m (2019: €38.6m).

Tháinig méadú ar an gCúlchiste Brabúis agus Caillteanais ó €455.1m amhail ar an 31 Nollaig 2019 go dtí €496.5m, agus tháinig méadú ar Chistí na Scairshealbhóirí ó €470.4m go dtí €511.8m sa tréimhse chéanna.

Baineadh tréchur de 36.9 milliún tona amach i 2020, sin 25.8% níos mó ná an 29.3 milliún tona (athbhreithnithe) a beartaíodh sa bhuiséad.

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Ceann de na príomhéiginnteachta atá os comhair an Chomhlachta ná an mbeidh sé in ann an toilleadh calafoirt is gá don todhchaí a chur ar fáil.

I Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an Comhlacht "Máistirphlean Phort Bhaile Átha Cliath 2040 - *Athbhreithnithe i 2018*", agus rinne sé sin an chéad Mháistirphlean, ar glacadh leis i 2012, a nuashonrú. Áiríodh san athbhreithniú próiseas leathan comhairliúcháin phoiblí ar tháinig dhá chonclúid thábhachtacha as:

— Ar an gcéad dul síos, samhlaíodh sa Mháistirphlean filleadh ar leathnú Phort Bhaile Átha Cliath soir isteach go Cuan Bhaile Átha Cliath, ach anois níl Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag dul ar aghaidh leis mar rogha.

— Ar an dara dul síos, chun freastal ar na riachtanais toillte a bhfuiltear ag súil leo, is gá do Phort Bhaile Átha Cliath a bheith forbartha ar bhonn fás meánmhéideanna bliantúil de 3.3% i rith na tréimhse 30 bliain ó 2010 go dtí 2040, seachas an 2.5% a rabhthas ag glacadh leis i 2012. Dá bharr sin, tá ardú ó 60m tona go dtí 77m tona ar an riachtanas toillte le haghaidh 2040.

Leagann Máistirphlean 2040 amach an creat pleanála le haghaidh na dtrí thionscadal Forbartha Bonneagair Straitéisigh (SID) a theastaíonn chun cuspóir toillte 2040 a bhaint amach:

— Is é an chéad SID ná Tionscadal Athfhorbartha Abhantraí Alexandra (ABR) agus leanadh ar aghaidh le tógáil ar an tionscadal seo i rith 2020.

— I mí Iúil 2020, thug an Bord Pleanála cead pleanála cúig bliana déag don Tionscadal MP2, an dara ceann de na trí SID a theastaíonn chun Máistirphlean a sheachadadh. Tá oibreacha a beartaíodh faoi Thionscadal MP2 á bpleanáil faoi láthair agus táthar ag súil go dtosóidh na chéad ghnéithe de siúd i 2022.

— Tugtar An Tionscadal 3FM ar an tríú ceann, an ceann deiridh, agus tá tús curtha againn leis an gcéad chéim de chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le comhairliúchán áitiúil roimh thús a chur le comhairliúchán foirmiúil réamhiarratais leis an mBord Pleanála níos déanaí i mbliana.

Tá trí phríomhriosca agus neamhchinnteacht ann a d'fhéadfadh cosc a chur ar an gComhlacht i dtaobh cuspóir Mháistirphlean 2040 a bhaint amach chun an cumas tréchuir de 77 milliún olltona is gá a chur ar fáil faoi 2040:

1. Tá seans ann nach bhfaighfear cead pleanála le haghaidh Thionscadal 3FM.
2. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta a áirithiú go n-oibreoidh oibreoirí críochfort aonadaithe (Ró-Ró agus Ló-Ló araon) ag an leibhéal ard úsáide talún atá ag teastáil.
3. D'fhéadfadh sé nach mbeadh tailte calafoirt leordhóthanacha ar fáil tar éis caillteanas 14.6 heicteár (6% de limistéar talún iomlán Chalafort Bhaile Átha Cliath) do ghníomhaireachtaí Stáit chun rialuithe teorann ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe a éascú mar thoradh ar Brexit.

D'fhéadfadh meascán de roinnt de na rioscaí sin nó iad go léir a bheith ina gcúiseanna le Port Bhaile Átha Cliath a uaschumas tréchuir a bhaint amach chomh luath le 2030. Dá dtarlódh sin, bheadh gá le toilleadh breise calafoirt ag áiteanna eile ionas nach dtiocfadh easnamh náisiúnta toillte calafoirt chun cinn.

Tá éiginnteachtaí ó thaobh na trádála de ag bagairt don Comhlacht freisin mar gheall ar chor chun donais sa gheilleagar. Is iad Covid-19 agus Brexit na fachtóirí is déanaí ata tar éis tionchar a imirt ar thréchur agus ar fheidhmíocht airgeadais an Chomhlachta tar éis an tubaiste eacnamaíoch in 2008.

I gcás Brexit, tá trí athrú shuntasacha le feiceáil i bpatrúin trádála sa tréimhse díreach tar éis dheireadh idirthréimhse na Ríochta Aontaithe:

— Ar an gcéad dul síos, tá laghdú tagtha ar na méideanna a thrádáiltear leis an Ríocht Aontaithe arna bhfritháireamh i bpáirt trí fhás suntasach i méideanna le calafoirt Mhór-Roinn na hEorpa

— Ar an dara dul síos, rinneadh trácht droichead talún a atreorú ó bhealach Bhaile Átha Cliath-Holyhead go seirbhísí nua ó Chuan Ros Láir go calafoirt sa Fhrainc

— Ar an tríú dul síos, tá méid áirithe aistrithe ó Phort Bhaile Átha Cliath go calafoirt i dTuaisceart Éireann mar thoradh ar dhifríochtaí sna rialuithe teorann

Tógfaidh sé roinnt míonna go dtuigfear go hiomlán na héiginnteachtaí agus na rioscaí a bhaineann le gnó an Chomhlachta de bharr Brexit.

Tá an Comhlacht tar éis a chinntiú go mbeidh de shaoirse acu fós, agus an clár infheistíochta caipitiúla á bhaint amach acu a bhfuiltear ag súil leis faoin Máistirphlean 2040, cur i bhfeidhm tionscadal a chur chun tosaigh nó a mhoilliú chun freagairt d'fhorbairtí eacnamaíocha níos leithne a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú ag am ar bith.

Anuas air sin, tá an Comhlacht neamhchosanta ar thionchar cúlaithe eacnamaíoch ar a bhunghníomhaíochtaí nach bhunghníomhaíochtaí Poirt iad. Is fianaise air sin an laghdú ó €10.9m in 2001 go dtí €4.2m ag deireadh na bliana 2012 ar luach réadmhaoine infheistíochta an Chomhlachta atá lonnaithe i bPáirc Gnó Rinn an Oirthir. Rinne ár gcomhairleoirí réadmhaoine athluacháil ar an réadmhaoin ag deireadh na bliana 2020, nuair a méadaíodh a luach le €0.7m go dti €8.5m, an luach céanna leis an mbliain roimhe sin. Faoi láthair, tá laghdú carnach €1.7m tagtha ar luach na réadmhaoine.

Tá an Comhlacht tiomanta dá neamhchosaint ar riosca a bhainistiú go rathúil agus do thionchar an riosca a íoslaghdú maidir le cuspóirí gnó a bhaint amach. Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhfuil téarmaí tagartha ar leith aige a léiríonn ról an Choiste maidir le tacaíocht a thabhairt don Bhord chun neamhchosaint an Chomhlachta ar riosca a bhainistiú.

Tá Creat Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht,, a bhfuil na gnéithe seo a leanas ina gcuid de:

— Próisis chun rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur i gcatagóir,
— Rioscaí a mheas agus a thomhas go leanúnach, agus
— Monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus iad a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar fhochoiste Boird.

Tá an Creat Bainistíochta Riosca cuimsitheach seo forbartha i ngach gné den ghnóthas agus áirítear leis na gnéithe seo a leanas:

1. Bainistíocht Riosca Fiontair
2. Plean Bainistíochta Éigeandála
3. Bainistiú Riosca TFC
4. Bainistiú Riosca maidir leis an bPíblíne Ola Coitianta
5. Bainistiú Riosca maidir le Tionscadail Chaipitil
6. Athbhreithniú Bliantúil ar Straitéis an Bhoird

I bhFeabhra 2020, chuir an Bord athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca i gcrích, agus d'aontaigh siad na bearta breise seo a leanas a chur i bhfeidhm d'fhonn bainistiú foriomlán rioscaí sa Comhlacht a láidriú:

— Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca (an Príomhfheidhmeannach) Tuairisc maidir le Riosca Straitéiseach i láthair gach cruinniú Boird, ina ndíreofar ar rioscaí faoi leith a bhfuil baint acu le straitéisí.
— Gach bliain ag an athbhreithniú bliantúil ar Straitéisí an Bhoird (i Meitheamh / Iúil), déanfar na rioscaí a tuairiscíodh agus a pléadh ag cruinnithe Boird i rith na bliana a chuimsiú sa chlár oibre don athbhreithniú ar straitéisí an Bhoird lena chinntiú go gcuirfear na rioscaí straitéiseacha sin san áireamh i bpleananna gearrthéarmacha gnó.
— Beidh na freagairtí ar na rioscaí straitéiseacha cuimsithe ansin sa Chlár Oibre a chuirfear faoi bhráid an Bhoird i Meán Fómhair sula dtosófar ag ullmhú buiséad don bhliain le teacht.
— Ó am go chéile, déanfaidh an Bord athbhreithniú seachtrach a choimisiúnú ar éifeachtúlacht chur chuige foriomlán an Chomhlachta i leith bainistiú riosca, de réir mar atá éilithe sa Chód Cleachtais. Rinneadh an chéad athbhreithniú dá leithéid ó Nollaig 2020 go Feabhra 2021 agus dheimhnigh an tuarascáil deiridh a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca go bhfuil cur chuige Chomhlacht Chalafort Átha Cliath maidir le bainistíocht riosca éifeachtach i ndáil leis na príomhrioscaí atá roimh an gComhlacht a aithint agus a mheasúnú.

## Inghlacthacht riosca

Tá an Inghlacthacht riosca sa Comhlacht éagsúil, ag brath ar na réimsí agus gníomhaíochtaí difriúla lena mbaineann an gnó:

— Tá an Bord toilteanach glacadh le leibhéal measartha riosca agus iad ag iarraidh a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

— Tuigeann an Bord go bhfuil comhbhabhtáil idir an riosca agus an luach saothair, agus chun inghlacthacht riosca cothromaithe a bhaint amach, glacann siad cur chuige stuama chucu féin maidir lena chinntiú go maoinítear an gnóthas go leordhóthanach, go háirithe ó thaobh tionscadail bhonneagair a mhaoiniú de. Níl an Bord sásta aon seansanna a thógáil a d'fhéadfadh príomhchúnaint i gcomhaontuithe an Chomhlachta maidir le háiseanna fiachais a chur i mbaol.

— Is tosaíocht de chuid an Bhoird é sábháilteacht paisinéirí, cuairteoirí, ball foirne agus oibrithe sa phort, agus is inghlacthacht thar a bheith íseal atá ag an mBord sna réimsí sábháilteachta agus slándála.

— Téann an Comhlacht i muinín bearta chun rioscaí oibriúcháin a shainaithint agus a bhainistiú. Tá inghlacthacht riosca an-íseal ann i ndáil le córais chriticiúla a chothabháil agus sonraí a chosaint.

— Bíonn an Comhlacht ag iarraidh a chinntiú go bhfreastalaíonn gníomhaíochtaí comhlíonta ar riachtanais na rialachán ábhartha, agus cloíonn siad le hinghlacthacht riosca íseal ó thaobh ceisteanna comhlíonta agus rialála de.

Ina theannta sin, úsáidtear na bearta seo a leanas chun riosca iomlán na feidhmíochta gnó a bhainistiú:

— Ullmhú Buiséid Bhliantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana,

— Tuairisciú agus Anailís ar Athraitheas míosúil,

— Rialuithe Airgeadais,

— Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus

— Polasaithe, Caighdeáin agus Treoirlínte mionsonraithe chun tacú le rialú agus le maolú rioscaí.

## Bainistiú an Riosca Airgeadais

De bharr a cuid oibríochtaí, tá an Comhlacht neamhchosanta ar raon rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca ráta úis, riosca creidmheasa agus riosca maidir le leachtacht agus sreabhadh airgid. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais chun an Comhlacht a chosaint ar rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht chun monatóireacht a dhéanamh ar an mbainistiú riosca airgeadais fágtha faoi fhochoiste an Bhoird ag na Stiúrthóirí. Is iad an Bord Stiúrthóirí a leagann na beartais amach, agus is í Rannóg Airgeadais an Chomhlachta a chuireann i bhfeidhm iad.

### Leachtacht agus Airgead Tirim Sreabhadh Airgid Riosca

Tá meascán de mhaoiniú fiachais ghearrthéarmaigh, mheántéarmaigh agus fadtéarmaigh ag an gComhlacht, rud a dhéanann deimhin de go mbíonn rochtain acu ar chistí leordhóthanacha don infheistíocht chaipitiúil atá beartaithe. Chuir an Comhlacht saoráid iasachtaíochta de €50m i bhfeidhm le Banc Uladh i Márta 2017 chun fiachas an Chomhlachta a athchur agus a shíneadh. Ag deireadh 2020, bhí saoráidí geallta neamhtharraingthe de €50m ag an gComhlacht ar an tsaoráid seo.

Rinne an Comhlacht Conradh Maoinithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i mí na Nollaig 2015 i leith saoráid mhaoinithe tionscadail de €100m. Tá téarma 20 bliain ag an tsaoráid sin, agus bhí sí íostarraingthe ina hiomláine amhail ag deireadh 2019.

D'eisigh an Comhlacht bannaí sinsearacha neamhurraithe de €300m i mí na Nollag 2019 do réimse infheisteoirí institiúideacha. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí €200m de bhannaí ceannaithe. Tá gealltanas i bhfeidhm go gceannóidh na hinfheisteoirí an €100m réamhcheannachán atá fágtha de na bannaí, dá dtagraítear bannaí réamhcheannacháin, ar dháta sonraithe i 2021. Tá de rogha ag an gComhlacht, áfach, an gealltanas sin a chur ar ceal gan aon chostas agus gan cuid de na bannaí réamhcheannacháin a cheannach, nó gan aon cheann díobh a cheannach.

Is é polasaí an Chomhlachta ná an toradh ar infheistíocht a uasmhéadú trí iarmhéideanna airgid barrachais a chur i dtaisce ísealriosca airgid thirim ar bhonn gearrthéarmach. Tá sainorduithe ciste curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

### Riosca  Creidmheasa

Bíonn an Comhlacht neamhchosanta ar riosca creidmheasa i gcúrsa na trádála agus, chun an riosca sin a bhainistiú, déanann sí seiceálacha cuí creidmheasa ar ábhair custaiméirí agus ní thrádálann sí ach le tríú páirtithe aitheanta le hacmhainneacht creidmheasa.

### Riosca Ráta Úis

D'fhonn neamhchosaint an Chomhlachta ar athruithe suntasacha diúltacha ar ráta úis a bhainistiú, tá beartas acu trína ndéantar íosmhéid 60 faoin gcéad (2019: 60 faoin gcéad) dá bhfiachais a choinneáil ag rátaí seasta úis. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, rinne an Chuideachta conradh ráta úis sheasta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar an tsaoráid mhaoinithe tionscadail de €100m. In 2019, d'eisigh an Comhlacht €300m de bhannaí sinsearacha neamhurraithe ag ráta cúpóin sheasta.

## Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Níor tharla aon imeachtaí eile idir dáta an Chláir Comhardaithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais.

## Forbairtí sa Todhchaí

Tá Clár Infheistíochta Caipitiúla buiséadaithe de €83.7m ag an gComhlacht le haghaidh 2021. Áirítear sa Chlár Infheistíochta Caipitiúla le haghaidh 2021 €51.5m i ndáil le Máistirphlean Chéim 1 (MP1), suim de €14.9m i ndáil le Tionscadal Athfhorbartha Thaiscumar Alexandra ("ABR") agus €10.4m maidir le Forbairt Chalafort Intíre Bhaile Átha Cliath.

## Torthaí agus Díbhinní

B'ionann brabús an Chomhlachta don bhliain airgeadais agus €34.2m. Ba iad seo a leanas leithdháiltí agus moltaí na Stiúrthóirí i leith na suime sin:

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn Eatramhach de €0.00 (2019: €0.3543) in aghaidh na gnáthscaire íoctha | - | 4,100 |
| Méadú ar an mBrabús Coinnithe | 34,251 | 34,545 |
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | **34,251** | **38,645** |

Níl sé beartaithe ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

## Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scairchaipiteal an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2020 agus 2019.

## An tAcht um Íoc Pras

Is é beartas an Chomhlachta soláthraithe a íoc i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Chuige sin, tá gnáthaimh íocaíochta an Chomhlachta ceaptha chun cinnteacht réasúnta a thabhairt i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábhartha théarmaí na Rialachán. Is é 30 lá an tréimhse chaighdeánach chreidmheasa, ach amháin má shonraítear a mhalairt sna socruithe conartha. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí de réir uimhreach agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar is gá. Ar an ábhar sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chloígh an Chuideachta le riachtanais an Achta.

Stiúrthóirí

Leagtar amach thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí ag aon am le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

- J Grant *(ceaptha an 10 Nollaig 2020)*
- E O'Reilly
- M Brophy
- H Collins
- G Darling
- M Hand
- K Nolan
- L Williams *(a d'éirigh as an 31 Nollaig 2020)*

## Caidreamh le Scairshealbhóirí

Bíonn feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus fadhbanna straitéiseacha á bplé go leanúnach ag an gCathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an lucht bainistíochta i gcomhpháirt le scairshealbhóirí an Chomhlachta. Bíonn ar an Aire Iompair agus/nó ar an Aire Airgeadais ábhair shonraithe ar leith a fhaomhadh, agus déantar cumarsáid leanúnach leis an Aire ábhartha trína ranna faoi seach. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair mar a éilítear faoi Alt 28 den Acht Cuanta, 1996 agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Rialachas Corparáideach

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta do na caighdeáin rialachais corparáidí is airde a chaomhnú, agus tá glactha acu le prionsabail an rialachais corparáide agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. Ar an 1 Meán Fómhair 2016, rinneadh an Cód Cleachtais a nuashonrú. Cuireadh forálacha an Chóid nuashonraithe i bhfeidhm sa tréimhse tuairiscithe airgeadais a thosaigh ar an 1 Eanáir 2017. Chomh maith leis sin, cloíonn an Comhlacht lena cuid oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin is ea an chuid is mó de na Stiúrthóirí, agus is é an tAire a cheapann iad. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil gach mí agus cuirtear sceideal foirmiúil ábhar faoina bhráid go heisiach chun go ndéanfaí cinneadh ina leith. Tá an Bord freagrach as cumhachtaí uile an Chomhlachta a fheidhmiú, seachas na cinn atá curtha i leataobh le haghaidh na nGeallshealbhóirí, agus tá comhfhreagracht orthu as oibríochtaí uile an Chomhlachta. D'fhéadfadh an Bord a chuid cumhachtaí a tharmligean mar is mian leis, do Choiste Boird nó don Phríomhfheidhmeannach, faoi réir na srianta nó an rialaithe a fhorchuirtear lena leithéid de tharmligean. Faoi réir chead ón Aire i gcásanna áirithe, rinne an Bord forchoimeád cinntí a fhaomhadh go foirmiúil maidir le feidhmeanna áirithe sna réimsí seo a leanas: Rialachas, Maoiniú, Soláthar, Oibríochtaí agus Ceapacháin

Acmhainní Daonna. Tá rochtain ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta agus is féidir leo comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach.

Éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go ndéanfadh an Bord féinmheastóireacht go bliantúil chun a fheidhmíocht a mheas. Thug an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe bunaithe ar cheistneoir atá le fáil sa Chód Cleachtais chun críche i bhFeabhra 2021. Éilíonn an Cód Cleachtais go ndéanfaí meastóireacht sheachtrach fhoirmiúil gach trí bliana ar a laghad. Cuireadh an t-athbhreithniú neamhspleách i bhfeidhm i rith an tsamhraidh i 2019 agus tuairiscíodh é don Bhord i Meán Fómhair. Dhearbhaigh na torthaí a bhí ar an meastóireacht fhoirmiúil a rinneadh i 2019 go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach, agus moladh iontu roinnt ceisteanna ar chóir don Bhord athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta i 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Athbhunaíodh an Coiste seo i 2012 mar an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Leagadh amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus comhaltas an Choiste, mar aon lena fhreagrachtaí sna réimsí seo a leanas: tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúchadh seachtrach, rialachas corparáideach agus iniúchadh inmheánach.

Dhearbhaigh an Bord, ag a chruinniú ar an 29 Márta 2019, ceapadh Lesley Williams Uasal mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, in éineacht leis Michael Brophy Uasal agus Helen Collins Uasal mar chomhaltaí coiste.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Ba iad Lesley Williams Uasal, Michael Brophy Uasal, agus Helen Collins Uasal, comhaltaí an Choiste i gcaitheamh na bliana.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair i 1999. Ba iad comhaltaí an choiste le linn na bliana ná Lucy McCaffrey Uasal (Cathaoirleach), Geoffrey Darling Uasal agus Michael Hand Uasal. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha.

## Freastal ar Chruinnithe

Tionóladh 10 Chruinniú Ginearálta Boird le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Freastal na Stiúrthóirí ar chruinnithe an Bhoird:

| | I láthair | Incháilithe chun bheith i láthair |
|---|---|---|
| J.Grant | 1 | 1 |
| E O'Reilly | 10 | 10 |
| M Brophy | 10 | 10 |
| H Collins | 10 | 10 |
| G Darling | 10 | 10 |
| M Hand | 10 | 10 |
| K Nolan | 10 | 10 |
| L Williams | 10 | 10 |

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

| | | |
|---|---|---|
| M Brophy | 3 | 4 |
| H Collins | 4 | 4 |
| L Williams | 4 | 4 |

## Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, do dhínit, d'éagsúlacht agus do neamh-idirdhealú a chur i gcroílár an Chomhlachta. Tá sé mar aidhm againn beartais chuimsitheacha a fhorbairt i ngach gné fhostaíochta agus a chuirfidh oiliúint ábhartha ar fáil dár bhfostaithe uile. Tá dlúthbhaint ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath lenár bpobal agus tá sé mar aidhm againn éagsúlacht an phobail sin a léiriú.

## Speansais na Stiúrthóirí

Íocadh speansais de €1,229 le comhaltaí an Bhoird i rith na bliana i ndáil le speansas taistil.

## Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht iomlán ag an mBord as córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta. Ní féidir leis na córais sin atá á gcoinneáil ag an gComhlacht ach gealltanas réasúnta a thabhairt, seachas gealltanas iomlán, go ndéantar idirbhearta i gcomhréir le húdarú an luchta bainistíochta, go gcosnaítear sócmhainní, go gcuirtear cosc ar chalaois agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh.

Chun deimhin a dhéanamh de go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtúil, fostaíodh pearsanra cáilithe agus leithdháileadh na dualgais orthu mar is ceart.

Áirítear le córais an rialaithe inmheánaigh:

— Déantar rioscaí gnó a aithint agus a dtionchair airgeadais a mheas trí athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar Phlean Straitéiseach an Chomhlachta. Tugtar achoimre thuas ar an bpróiseas a bhaineann le Creat Bainistíochta Riosca an Chomhlachta faoin gceannteideal "Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha". Ghlac an Bord leis an bPlean Straitéiseach is déanaí don tréimhse 2017 go dtí 2021 i mí na Nollag 2016;

— Buiséad bliantúil faofa ag an mBord agus measúnú míosúil ar fhíorthorthaí i gcomparáid le réamhaisnéisí buiséid;

— Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha cuntasaíochta an Chomhlachta, an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, rogha na mbeartas cuntasaíochta, pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, tuarascáil reachtúil na n-iniúchóirí, an tuairisciú airgeadais agus ábhair ghaolmhara eile;

— Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí trína ndéantar athbhreithniú ar phríomhphróisis agus ar phríomhrialuithe gnó;

— Cóid fhoirmiúla iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus fostaithe; agus

— Beartais agus nósanna imeachta soláthair. Ar an gcead dul síos, déanann siad sin deimhin de go dtéitear i mbun gníomhaíochtaí soláthair chun luach ar airgead a sholáthar i dtéarmaí na gcostas saolré foriomlána agus, lena chois sin, go gcloítear leis na Treoirlínte Stáit agus na Treoracha AE ábhartha uile a bhfuil feidhm acu maidir le Fóntais Phoiblí. Tá an Comhlacht ag cloí leis na riachtanais oiriúnacha faoin gCód Caiteachais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh agus níor thángthas ar aon laigí suntasacha rialaithe a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le caillteanas airgeadais nó cur isteach oibríochtúil, a éilíonn cúram láithreach ag leibhéal an Bhoird.

## Ráiteas comhlíonta

Admhaíonn Stiúrthóirí an Chomhlachta go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh an Chomhlachta lena cuid oibleagáidí ábhartha a ráthú (mar atá sainmhínithe in Acht na gCuideachtaí 2014 (an "tAcht 2014")) agus, mar atá éilithe faoi alt 225 den Acht 2014, deimhníonn na Stiúrthóirí:

(i) gur ullmhaíodh ráiteas beartais comhlíonta ina leagtar amach beartais an Chomhlachta maidir lena n-oibleagáidí ábhartha faoin Acht 2014 a chomhlíonadh;

(ii) gur cuireadh socruithe agus struchtúir i bhfeidhm a measann na Stiúrthóirí gur leor iad chun cloí ábhartha le hoibleagáidí cuí an Chomhlachta a chinntiú; agus

(iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus struchtúir le linn na bliana airgeadais lena mbaineann Tuarascáil na Stiúrthóirí.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitíochta i rith na bliana.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

Tá sé deimhnithe ag gach Stiúrthóir a bhí in oifig amhail dháta na tuarascála seo:

— Go bhfios dó/di, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag iniúchóirí reachtúla an Chomhlachta; agus

— Go bhfuil na bearta go léir déanta aige/aici ar cheart iad a bheith déanta aige/aici mar Stiúrthóir chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchta agus chun a dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúchóirí reachtúla an Chomhlachta.

## Iniúchóirí Reachtúla

Leanfaidh na hiniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil, in oifig i gcomhréir le halt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Thar ceann an Bhoird

**Jerry Grant** Cathaoirleach
**Eamonn O'Reilly** Príomhfheidhmeannach

*26 Márta 2021*

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig baill Chomhlacht Chalafort Átha Cliath



## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Chomhlacht Chalafort Átha Cliath (an 'Comhlacht')

Dar linn go gcuireann na ráitis airgeadais an méid seo a leanas ar fáil:

- léargas fíor cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar na críche sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais chuí agus, go háirithe le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

- Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha;
- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais;
- an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas;
- Ráiteas ar Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí a ghabhann le 1 go 32

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a bhí curtha i bhfeidhm i leith a n-ullmhúchán ná cuid d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 tuairisciú "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (CII (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid *"Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais"* dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ón gComhlacht i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla atá ábhartha lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an caighdeán eiticiúil eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, mar a chuirtear i bhfeidhm é le haonain liostaithe mar FBManna agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

## Achoimre ar ár gcur chuige iniúchóireachta

#### Príomhábhair iniúchóireachta

Ba iad seo a leanas na príomhábhair iniúchóireachta a d'aithníomar sa bhliain reatha:

- Oiriúnacht na bpríomhthoimhdí a úsáidtear chun dliteanais sochair scoir a chinneadh

Laistigh den tuarascáil seo, aithnítear aon phríomhábhair nua iniúchóireachta ▞ agus aon phríomhábhair iniúchóireachta a bheidh mar an gcéanna leis an mbliain roimhe a sainaithníodh ▰.

#### Ábharthacht

Ba í an ábharthacht a d'úsáideamar sa bhliain reatha ná €1,984,000 a cinneadh ar bhonn céatadán de Bhrabús Roimh Cháin.

#### Raon feidhme

Tugadh iniúchadh ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath chun críche.

#### Athruithe suntasacha inár gcur chuige

Ní raibh aon athruithe suntasacha inár gcur chuige iniúchta.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, chinneamar gur cuí úsáid a bhaint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Ár meastóireacht ar mheasúnú na Stiúrthóirí ar chumas an Chomhlachta chun leanúint ar aghaidh ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta san áireamh:

- Athbhreithniú ar réamhaisnéisí sreafa airgid arna n-ullmhú ag an mbainistíocht;
- Cruinneas cléireachais na réamhaisnéisí maidir le sreabhadh airgid arna n-ullmhú a thástáil;
- Measúnú a dhéanamh ar chruinneas stairiúil na réamhaisnéisí arna n-ullmhú ag an mbainistíocht; agus
- Athbhreithniú ar shaoráidí maoinithe atá i bhfeidhm lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar chineál na saoráidí, na dtéarmaí aisíocaíochta agus na gcúnant.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn go dtí seo, ní dhearnadh muid aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a aithint, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

## Príomhábhair iniúchóireachta

Is iad na príomhábhair iniúchóireachta ná na nithe sin is mó tábhacht, inár mbreithiúnas gairmiúil, inár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais na bliana airgeadais reatha agus ina n-áirítear na rioscaí measúnaithe is suntasaí de mhíráiteas ábhartha (cibé acu de bharr calaoise nó nach ea) a d'aithníomar, lena n-áirítear iad siúd a raibh an éifeacht is mó acu ar; an straitéis iniúchóireachta fhoriomlán, leithdháileadh na n-acmhainní san iniúchóireacht; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a stiúradh.

Tugadh aghaidh ar na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus ár dtuairim ina leith, agus ní chuirimid tuairim ar leith ar fáil maidir leis na hábhair sin.

## Oiriúnacht na bpríomhthoimhdí a úsáidtear chun dliteanais sochair scoir a chinneadh

### Tuairisc ar an bpríomhábhar iniúchóireachta

Tá scéim sochar sainithe pinsin ar bun ag an gComhlacht. B'ionann agus €56m an ghlansócmhainn pinsin amhail an 31 Nollaig 2020.

Tá leibhéal ard neamhchinnteachta agus breithiúnais mheastacháin ann agus dliteanais phinsin á ríomh, go háirithe maidir le toimhdí achtúireacha iomchuí a chinneadh i ndáil leis na rátaí lascaine agus boilscithe. D'aithníomar oiriúnacht na bpríomhthoimhdí sin mar phríomhábhar iniúchóireachta mar gheall ar luaineacht na dtoimhdí agus an tionchar suntasach atá acu ar ríomh na ndliteanas pinsin

*Féach freisin leathanach 31 (Beartas Cuntasaíochta – Plean Pinsean Sochair Sainmhínithe), agus Nóta 3 – breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla.*

### Conas a d'fhreagair raon feidhme ár n-iniúchóireachta ar phríomhábhar an iniúchta

Fuaireamar tuiscint ar phróisis na bainistíochta agus rinneamar measúnú ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm na rialuithe ábhartha.

Bhí Speisialtóirí Achtúireacha de chuid Deloitte mar chuid dár bhfoireann ag cabhrú linn ní hamháin dul i ngleic le hoiriúnacht na rátaí lascaine agus boilscithe ach iad a thuiscint agus a mheas freisin.

Rinneamar fiosrúcháin leis an mbainistíocht agus le comhairleoirí seachtracha pinsin an Chomhlachta araon chun tuiscint a fháil ar a bpróisis chun na rátaí lascaine agus boilscithe a úsáidtear chun dliteanais sochar scoir a ríomh a chinneadh.

Rinneamar tagarmharcáil ar na rátaí lascaine agus boilscithe a úsáidtear in aghaidh sonraí inchomparáide margaidh agus piaraí chun a áirithiú go raibh siad laistigh de raonta oiriúnacha agus réasúnta mar gheall ar an eolas atá againn ar na scéimeanna.

Rinneamar measúnú le féachaint an raibh an nochtadh a rinneadh sna ráitis airgeadais i ndáil le scéimeanna sochair scoir de réir na gcaighdeán cuntasaíochta iomchuí.

### Príomhbharúlacha

Bunaithe ar an bhfianaise a fuarthas, fuaireamar amach go bhfuil na rátaí lascaine agus boilscithe a úsáideann an lucht bainistíochta sna luachálacha achtúireacha do dhliteanais phinsin laistigh de raon a mheasann muid a bheith réasúnta.


Ceapadh ár nósanna imeachta iniúchta a bhaineann leis na nithe sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus ní chun tuairim a thabhairt ar chuntais nó nochtadh aonair. Ní athraítear ár dtuairim ar na ráitis airgeadais i ndáil le haon cheann de na rioscaí a ndéantar cur síos orthu thuas, agus ní chuirimid tuairim in iúl maidir leis na hábhair aonair sin.

## Ár gcur chuige maidir le hábharthacht a chur i bhfeidhm

Is é a thuigimid le hábharthacht ná an méid míráiteas a fhágann gur dócha go n-athrófaí nó go n-imreofaí tionchar ar chinntí eacnamaíocha duine a mbeadh eolas réasúnta aige, agus é ag brath ar na ráitis airgeadais. Bainimid úsáid as ábharthacht maidir le raon feidhme ár gcuid oibre iniúchóireachta a phleanáil agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí ár gcuid oibre.

Chinneamar ábharthacht an Chomhlachta a bheith €1,984,000 atá thart ar 5 % de Bhrabús Roimh Cháin. Mheasamar gurb é Brabúis Roimh Cháin an ghné chriticiúil chun ábharthacht a chinneadh mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an gcothromaíocht seo d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Táimid tar éis fachtóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla a mheas, cuir i gcás tuiscint ar an aonán agus a thimpeallacht, stair na míráiteas, castacht an Chomhlachta agus iontaofacht na timpeallachta rialaithe.

**Cur chuige maidir le hábharthacht a chur i bhfeidhm**




D'aontaíomar leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go dtabharfaimis tuairisc dóibh faoi aon difríochtaí iniúchóireachta os cionn €99,000, chomh maith le difríochtaí atá faoi bhun na tairsí sin agus, ar cheart dúinn tuairisciú a dhéanamh, dar linne, ar fhorais cháilíochtúla. Tuairiscímid freisin don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le hábhair a d'aithníomar agus measúnú á dhéanamh againn ar chur i láthair fhoriomlán na ráiteas airgeadais.

### Forléargas ar raon feidhme ár n-iniúchóireachta

Rinneadh raon feidhme ár n-iniúchta trí thuiscint a fháil ar an gComhlacht agus a timpeallacht, lena n-áirítear na próisis chuntasaíochta agus rialuithe atá i bhfeidhm agus an tionscal ina n-oibríonn an Comhlacht. Bunaithe ar an measúnú seo, d'aithníomar na rioscaí a bhain le míráiteas ábhartha.

### Eolas eile

Is éard atá san eolas eile ná eolas a áirítear sa tuarascáil bhliantúil ráiteas airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra faoi. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an eolas eile a fhaightear sa Tuarascáil Bhliantúil.

Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air.

Is í an fhreagracht atá againn ná an t-eolas eile a léamh, agus trí sin a dhéanamh, a mheas an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár n-eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó go bhfuil cuma air go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má aithníonn muid neamhréireachtaí agus míthuairiscí ábhartha mar sin, tá sé de cheangal orainn a chinntiú an bhfuil míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais nó an bhfuil míthuairisc ábhartha san eolas eile. Má mheasaimid, ar bhunús na hoibre atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile seo, tá de cheanglas orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh i bhFreagrachtaí na Stiúrthóirí do na Ráitis Airgeadais a cuimsíodh i dTuarascáil na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go gcuireann siad léargas iomlán cothrom ar fáil agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as an rialú inmheánach a chinneann siad a bhfuil gá leis chun a áirithiú go bhfuil ullmhúcháin na ráiteas airgeadais saor ó mhíthuairisc ábhartha, mar gheall ar chalaois nó earráid.

Trína ráitis airgeadais a ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Chomhlachta leanúint mar ghnóthas leantach, tá siad freagrach as cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme, agus úsáid a bhaint as an mbunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta seachas má tá sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Chuideachta a leachtú nó stop a chur le gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha eile acu ach é sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí an Iniúchóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuairisc, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil an iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is leibhéal ard de dhearbhú é dearbhú réasúnta, ach níl aon ráthaíocht ann i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann) míthuairisc ábhartha nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir leo, ina n-aonar nó trí chéile, tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar pháirt d'iniúchóireacht i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann), úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaimid sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchóireacht. Agus:

— Aithnímid agus déanaimid measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míthuairisc ábhartha na ráiteas airgeadais, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, ceapaimid agus feidhmímid nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábhartha a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.

— Faighimid tuiscint ar smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchóireacht chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht smacht inmheánach an Chomhlachta.

— Déanaimid oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh na Stiúrthóirí atá bainteach leo sin a mheas.

— Cinnimid ar an oiriúnacht atá ag úsáid na Stiúrthóirí den bhunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chomhlachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, caithfimid an nochtadh a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú inár dtuarascáil iniúchóireachta nó, má tá an nochtadh sin uireasach, caithfimid ár dtuairimí a mhodhnú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fhaightear suas le dáta thuarascála an iniúchóra. D'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo stop a chur leis an aonán (nó i gcás inar cuí, an grúpa) leanúint mar ghnóthas leantach, áfach.

— Measúnú a dhéanamh ar léiriú, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear an nochtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom.

Téimid i dteagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, raon feidhme agus uainiú an iniúchóireachta agus torthaí suntasacha an iniúchóireachta, i measc rudaí eile, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchóireachta.

I gcás aonáin liostaithe agus aonáin leasa phoiblí, cuireann an t-iniúchóir ráiteas ar fáil do na heintitis a bhfuil rialachas de chúram orthu gur chomhlíon an t-iniúchóir na ceanglais eiticiúla ábhartha maidir le neamhspleáchas, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire) 2016, agus déanann sé cumarsáid leo maidir le gach caidreamh agus nithe eile a d'fhéadfaí a mheas le réasún a bheith i gceist maidir le neamhspleáchas an iniúchóra, agus más infheidhme, coimircí gaolmhara.

Nuair a cheanglaítear ar an iniúchóir tuairisc a thabhairt ar phríomhcheisteanna iniúchóireachta, ó na hábhair a cuireadh in iúl dóibh siúd a bhfuil cúram rialachais orthu, is é an t-iniúchóir a chinneann na nithe sin a raibh tábhacht leo san iniúchadh ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha agus, dá bhrí sin, is iad na príomhcheisteanna iniúchóireachta iad. Déanann an t-iniúchóir cur síos ar na nithe sin i dtuarascáil an iniúchóra mura rud é go gcuireann dlí nó rialachán cosc ar nochtadh poiblí faoin ábhar nó nuair a chinneann an t-iniúchóir, in imthosca fíor-annamh, nár cheart ábhar a chur in iúl i dtuarascáil an iniúchóra toisc go mbeifí ag súil le réasún gur mhó na hiarmhairtí díobhálacha a bheadh ann dá ndéanfaí amhlaidh ná na sochair a bhainfeadh le leas an phobail as cumarsáid den sórt sin.

## Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

### Tuairim ar chúrsaí eile leagtha amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh déanta le linn na hiniúchóireachta amháin, tuairiscímid go bhfuil:

— An fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta againn.

— Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta an Chomhlachta chun iniúchóireacht réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

— Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

— Dar linn go bhfuil an fhaisnéis tugtha i dtuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Ábhair nach mór dúinn a thuairisciú de réir eisceachta

Bunaithe ar eolas agus tuiscint an Chomhlachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíthuairisc ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairimí.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an smachta inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide i dtuarascáil na Stiúrthóirí, go bhfuil an Comhlacht ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Feidhmeanna ár dtuarascála

Déantar an tuarascáil do bhaill an Chomhlachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaill an Chomhlachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus don chúis sin amháin. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an Comhlacht agus baill den Chomhlacht agus baill den Chomhlacht mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.

**Sinéad McHugh**
Do agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Deloitte & Touche House,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

*26 Márta 2021*

# Beartais Chuntasaíochta





Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a úsáideadh in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta airgeadais go léir atá curtha i láthair ach amháin má luaitear a mhalairt. Ghlac an Comhlacht le FRS 102 den chéad uair riamh i ráitis airgeadais 2015.

## Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mar atá leasaithe ag tomhas na maoine infheistíochta agus sócmhainní agus dliteanas airgeadais áirithe ar luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 is gá úsáid a bhaint as boinn tuisceana lárnacha áirithe maidir leis an todhchaí, agus foinsí eile ar éiginnteacht meastacháin ar dháta an tuairiscithe. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn sé ar na Stiúrthóirí a mbreithiúnas a dhéanamh agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm. Nochtar i nóta 3 na réimsí ina bhfuil leibhéal níos airde de bhreithiúnas ag teastáil nó réimsí ina bhfuil baol nach beag ann go gcuirfidh boinn tuisceana agus meastacháin le coigeartú ábhartha ar ghlanluach sócmhainní agus dliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

## Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais rialála ar bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta. Tá na Stiúrthóirí tar éis machnamh cúramach a dhéanamh ar úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. Tar éis dóibh a n-athbhreithniú a thabhairt chun críche, tá na Stiúrthóirí tar éis a thuairisciú go bhfuil siad sásta agus go gceapann siad go bhfuil sé cuí gur gnóthas leantach é an Comhlacht, agus go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu le leanúint ag oibriú go ceann i bhfad. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh acu, chuir na Stiúrthóirí iarmhairtí reatha agus measta na ráige Covid-19 ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta san áireamh.

## Aithint ioncaim

Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó atá infhaighte agus is ionann é agus an méid atá infhaighte le haghaidh seirbhísí arna soláthar, glan ó thorthaí, lascainí agus lacáistí arna gceadú ag an gComhlacht agus cánacha breisluacha.

Aithníonn an Comhlacht ioncam áit ar féidir méid an ioncaim agus na gcostas a thomhas go hiontaofa; is dócha go rachaidh tairbhí amach anseo chuig an aonán agus nuair a bheidh na critéir comhlíonta a bhaineann le gach ceann de chainéil díolacháin na Cuideachta, mar a chuirtear síos air thíos.

### Dleachtanna Poirt

Eascraíonn Dleachtanna Poirt ó mhuirir ar úsáideoirí poirt agus tá siad comhdhéanta de dhleachtanna earraí, dleachtanna árthaí agus seirbhísí lárnacha eile a chuirtear ar fáil ar nós tuáil agus píolótaíocht. Gearrtar Dleachtanna Earraí de réir sceideal muirear atá bunaithe ar Aicmithe Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánacha. Gearrtar Dleachtanna Árthaí i dtaobh theacht árthaigh agus tá rátaí bunaithe agus inmhuirir ar ghlantonnáiste nó leath d'olltonnáiste an árthaigh, cibé acu is mó. Is ar bhonn úsáide a ghearrtar muirir as Seirbhísí Tuála agus Píolótaíochta.

Aithnítear Dleachtanna Poirt de réir an dáta ar a dtagann an t-árthach isteach sa Phort.

### Cíosanna

Eascraíonn ioncam cíosa go príomha as maoin ar cíos a bhaineann leis an bport agus aithnítear é de réir na tréimhse lena mbaineann an cíos. Is de réir théarmaí an chomhaontaithe cíosa a ghearrtar cíos.

### Ioncam Reatha Eile

I measc ioncam eile atá cuimsithe i Láimhdeachas, tá Táillí Ceadúnais agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse agus Páirc Trucailí comhtháite an Chomhlachta. Aithnítear ioncam de réir na tréimhse lena mbaineann an t-ioncam.

### Ioncam Eile

Ina theannta sin tuilleann an Chomhlachta ioncam ó ús agus dheontais. Tugtar cuntas i leith gach ceann de na sruthanna ioncaim sin mar atá leagtha amach thíos:

#### Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis trí mhodh an ráta úis ghlain. Cuirtear ioncam úis i láthair mar 'ús infhaighte' sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

#### Ioncam Deontais

Cuireann an Comhlacht an tsamhail fabhraithe i bhfeidhm agus ioncam deontais á aithint.

Aithnítear deontais a bhaineann le hioncam ar bhonn córasach i gcaitheamh na dtréimhsí ina n-aithníonn an Comhlacht na costais bhainteacha a bhfuil an deontas ceaptha le cúiteamh. Maidir le deontas atá infhaighte den chéad uair mar chúiteamh ar speansais a tabhaíodh cheana féin, agus gan aon chostais bhainteacha a bheith i gceist sa todhchaí, aithnítear mar ioncam é sa tréimhse ina bhfuil sé infhaighte den chéad uair.

Aithnítear deontais a bhaineann le sócmhainní in ioncam ar bhonn córasach thar shaolré úsáideach mheasta na sócmhainne. Áit a ndéantar cuid de dheontas a bhaineann le sócmhainn a iarchur aithnítear mar ioncam iarchurtha é agus ní asbhaintear é de ghlanluach na sócmhainne.

Ní aithnítear ioncaim go dtí go bhfuil cinnteacht réasúnach ann:

(a) go gcomhlíonfaidh an Comhlacht na coinníollacha a ghabhann leo; agus

(b) go bhfaighfear na deontais.

Áit a dtagann deontas chun bheith infhaighte aithnítear mar dhliteanas é nuair a réitíonn an aisíocaíocht leis an sainmhíniú ar dhliteanas.

## Sócmhainní seasta inláimhsithe

### (i) Costas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas ar dháta an aistrithe chuig FRS 102, lúide dímheas carntha agus caillteanais charntha i ndáil le bearnúchan, ach amháin maoin infheistíochta an Chomhlachta,, a shonraítear ag luach cóir. Féach le do thoil an beartas ar leith maidir le maoin infheistíochta thíos.

Cuimsítear sa chostas an bunchostas ceannaigh, costais atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thógáil chuig a hionad oibre agus chuig an riocht dá húsáid cheaptha, costais díchóimeála agus aisghabhála agus costais iasachta caipitlithe.

Is iad sócmhainní bonneagair ná na sócmhainní sin atá tréithrithe mar shaol úsáideach beagnach gan teorainn a bheith acu agus a tógadh, go ginearálta, roinnt blianta ó shin ach nach cosúil go dtógfaí mar sin sa lá atá inniu ann. Ina measc tá sócmhainní Balla an Bhulla Thuaidh agus Balla an Bhulla Theas. Iompraítear sócmhainní bonneagair ar luach nialais agus gearrtar an costas as a gcothabháil ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais.

### (ii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Ríomhtar dímheas ar shócmhainní, agus úsáid á baint as modh na líne dírí, chun an costas a leithdháileadh ar a luachanna iarmharacha thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh, céanna, bóithre agus críochfoirt | 50 bliain |
| Struchtúir duga, dugaí tirime agus céanna | 30 - 50 bliain |
| Dreidireacht chaipitil | 30 bliain |
| Árthaí ar snámh | suas go 30 bliain |
| Craenacha | suas go 30 bliain |
| Gléasra agus innealra | 2 - 30 bliain |

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha agus saol úsáideach na sócmhainní, agus déantar iad a choigeartú, más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Is ar bhonn ionchasach a thugtar cuntas i leith éifeacht aon athraithe.

### (iii) Breiseanna ina dhiaidh sin agus comhpháirteanna móra

Cuimsítear aon chostais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cigireachtaí móra, i nglanluach na sócmhainne nó aithnítear mar shócmhainn ar leith iad, más cuí, ach ní dhéantar é sin ach amháin más dócha go mbainfidh an Comhlacht tairbhe as buntáistí eacnamaíocha an earra agus go mbeifear in ann an costas a thomhas go hiontaofa.

Dí-aithnítear glanluach aon chomhpháirte a gcuirtear ceann nua ina hionad. Déileáiltear le comhpháirteanna móra mar shócmhainn ar leith má tá patrúin úsáide agus tairbhí eacnamaíochta atá difriúil go leor ag baint leo agus má dhéantar dímheas ar leith orthu thar a saolré úsáideach.

Cláraítear mar chaiteachas costais deisiúcháin, cothabhála agus mionchigireachta de réir mar a fhulaingítear iad.

### (iv) Sócmhainní le linn tógála

Is ag costas a iompraítear sócmhainní le linn tógála. Ní dhéantar na sócmhainní sin a dhímheas go mbeidh siad ar fáil le húsáid.

### (v) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint nuair a dhiúscraítear iad nó áit nach bhfuil súil le haon tairbhí eacnamaíocha amach anseo. Nuair a dhiúscraítear sócmhainn, aithnítear an difríocht idir glanfháltais na diúscartha agus an glanluach i mbrabús nó caillteanas agus cuirtear i "Brabús ar dhiúscairt sócmhainní" é.

### Costais ceannaigh

Déantar costais iasachtaíochta i leith tógáil sócmhainní seasta inláimhsithe atá inchurtha go díreach a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Cuirtear tús le caipitliú nuair a thabhaítear costais airgeadais agus caiteachais don tsócmhainn agus nuair atá gníomhaíochtaí atá riachtanach chun an tsócmhainn a fháil réidh lena húsáid ar siúl. Cuirtear deireadh le caipitliú i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí go léir is gá chun an tsócmhainn atá réidh le húsáid a fháil críochnaithe go substaintiúil.

### Dreidireacht

Déantar dreidireacht chaipitil, a fheabhsaíonn an bealach isteach go dtí an Port nó bonneagar an Phoirt, a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus déantar é a dhímheas thar a saolré úsáideach mheasta.

### Ionaid Réadmhaoine infheistíochta

Déanann an Comhlacht maoin infheistíochta a thomhas ag a costas nuair a aithnítear i dtosach í. Tá an costas as maoin infheistíochta cheannaithe déanta suas dá praghas ceannaigh agus d'aon chostas atá inchurtha díreach ina leith ar nós táillí gairmiúla as seirbhísí dlí, cánacha um aistriú maoine agus costais idirbhirt eile. Cláraítear costais arna bhfulaingt agus staidéir mhargaidh á ndéanamh sula gceannaítear maoin de réir mar a fhulaingítear iad.

Déantar maoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa gan costas ná iarracht iomarcach ar luach cóir ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe ar luach cóir i mbrabús nó caillteanas.

D'fhostaigh an Comhlacht speisialtóirí luachála neamhspleácha chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a shocrú ar an 31 Nollaig 2020. Tugtar tuilleadh mínithe i nóta 11 ar na boinn tuisceana lárnacha a úsáidtear chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a shocrú.

Cé gur gnách go n-éileofaí dímheas córasach bliantúil ar shócmhainní seasta de réir Acht na gCuideachtaí, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil gá leis an mbeartas maidir le gan dímheas a sholáthar chun go dtabharfadh na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir, ós rud é gurb é luach reatha na maoine infheistíochta, agus athruithe ar a luach, atá ríthábhachtach in ionad dímheas bliantúil córasach a ríomh. Níl i ndímheas ach ceann amháin de na fachtóirí éagsúla atá léirithe sa luacháil bhliantúil, agus ní féidir an méid, a d'fhéadfadh go gcuirfí san áireamh é murach sin, a aithint nó a chainníochtú as féin.

### Sócmhainní doláimhsithe

Iompraítear bonneagar ríomhaire ar chostas lúide caillteanais amúchta carntha agus caillteanais bearnúcháin carntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta, mar atá 10 mbliana, ar bhonn líne dírí. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Áit a dtugann fachtóirí, ar nós dul chun cinn teicneolaíoch nó athruithe ar phraghsanna margaidh, le fios go bhfuil athrú tagtha ar shaolré úsáideach bogearraí, déantar an tsaolré úsáideach a athrú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a léiriú. Déantar sócmhainní seasta doláimhsithe a athbhreithniú le haghaidh bearnúcháin má thugtar le fios go bhféadfadh go mbeadh bearnúchán ag baint leis an tsócmhainn sheasta doláimhsithe.

### Bearnú sócmhainní neamhairgeadais

Ar dháta gach Cláir Comhardaithe, déantar sócmhainní neamhairgeadais nach bhfuil á n-iompar ar luach cóir a mheas chun a dheimhniú an amhlaidh go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith bearnaithe. Má tá a leithéid de chomhartha ann meastar luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is é luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) ná luach cóir na sócmhainne lúide costais agus luach úsáide na sócmhainne, cibé acu is airde. Is é an luach úsáide ná luach reatha na sreafaí airgid don todhchaí a meastar go gcinnfidh siad ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an t-aonad giniúna airgid) agus óna diúscairt sa deireadh. Agus luach úsáide á thomhas déantar sreafaí airgid réamhchánach agus úis a lascainiú agus úsáid á baint as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí atá sonrach don tsócmhainn nár athraíodh na meastacháin shreabhadh airgid don todhchaí lena haghaidh.

Má mheastar go bhfuil méid inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an glanluach, laghdaítear an glanluach chuig a luach inaisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin má rinneadh an tsócmhainn a athluacháil áit a n-aithnítear an méid in aon Ioncam Cuimsitheach eile go méid atá comhionann le haon athluacháil aitheanta roimhe sin. Ina dhiaidh sin aithnítear aon bharrachas i mbrabús nó caillteanas.

Má bhíonn aisiompú i gceist le caillteanas bearnúcháin ag tráth níos déanaí, méadaítear glanluach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) chuig meastachán athbhreithnithe a méid inaisghabhála, ach ní dhéantar amhlaidh ach amháin sa mhéid nach sáraíonn an glanluach athbhreithnithe an glanluach a dhéanfaí a shocrú (glan ó dhímheas) mura n-aithneofaí aon chaillteanas bearnúcháin i dtréimhsí roimhe sin.

Aithnítear aisiompú maidir le caillteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin má thugtar ar aghaidh an tsócmhainn ag méid athluacháilte.

### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí ar ghlao le bainc, agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ardleachtachta eile a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú ag baint leo. Maidir le taiscí bainc a bhfuil dátaí aibíochta tosaigh acu de níos mó ná trí mhí ní airgead ná coibhéisí airgid iad agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainne reatha.

### Fardail

Sonraítear fardail ag costas. Is míreanna intomhalta iad fardail agus aithnítear mar speansas iad sa tréimhse ina n-úsáidtear iad.

Áirítear leis an gcostas an costas ceannaigh, agus áit is cuí, dleachtanna ar allmhairí agus costais iompair.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar fhardail chun aon bhearnúchán a aimsiú. Má tá mír san fhardal bearnaithe, laghdaítear an fardal aitheanta go dtí a mhéid inaisghabhála agus aithnítear muirear bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais. Áit a n-aithnítear aisiompú an bhearnúcháin, cealaítear an muirear bearnúcháin, suas go dtí an caillteanas bearnúcháin tosaigh, agus aithnítear mar chreidmheas é sa chuntas Brabúis agus Caillteanais.

### Airgeadraí eachtracha

**i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe**

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Chomhlachta ná an euro, agus é ainmnithe ag an tsiombail "€" agus mura sonraítear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais tuairiscithe sna mílte ('000).

**ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna**

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go dtí an t-airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as rátaí malairte ar an láthair ar dháthaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse aistrítear míreanna airgid airgeadra go Euro agus an ráta reatha á úsáid. Aistrítear míreanna neamhairgid arna dtomhas ag costas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgid arna dtomhas ag luach cóir a thomhas agus úsáid á baint as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir.

Aithnítear sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí ag eascairt ó shocrú idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí chomh maith le hairgead agus coibhéisí airgid i láthair sa chuntas Brabúis agus Caillteanais in 'ús iníoctha/infhaighte'. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile i láthair sa chuntas Brabúis agus Caillteanais i 'speansais riaracháin'.

### Sochair fostaithe

Cuireann an Comhlacht réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, lena n-áirítear socruithe, amhail sochair ghearrthéarmacha fostaí mar shocruithe maidir le saoire íoctha agus sochair iarfhostaíochta ar nós pleananna pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe agus socruithe bliantúla bónais, le haghaidh fostaithe áirithe.

**(i) Sochair ghearrthéarmacha**

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá agus tuarastail, pá saoire agus sochair neamhairgeadais eile dá shamhail a aithint mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

Feidhmíonn an Comhlacht plean bliantúil bónais le haghaidh fostaithe áirithe. Aithnítear speansas sa chuntas Brabúis agus Caillteanais nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an gComhlacht íocaíochtaí a dhéanamh faoin bplean mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart agus nuair is féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

**ii) Sochair iarfhostaíochta**

Plean ranníocaíochtaí sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht plean ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Is é atá i bplean ranníocaíochta sainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí sainithe le haonán ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íoctha níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gComhlacht. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrú sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean scartha ón gComhlacht i gcistí a riartar go neamhspleách.

Plean pinsin le sochair sainithe
Feidhmíonn an Comhlacht plean sochair sainithe d'fhostaithe áirithe. Faoi phlean sochair sainithe, sainítear an tsochar pinsin a gheobhaidh fostaí nuair a rachaidh siad ar scor, rud a bhraitheann de ghnáth ar fhachtóirí éagsúla ar nós aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is é atá i bplean sochair sainithe ná plean pinsin nach plean ranníocaíochta sainithe é. Is é an dliteanas a aithnítear sa Chlár Comhardaithe i dtaobh an phlean sochair sainithe ná luach reatha an oibleagáid sochair sainithe ag deireadh an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta tuairiscithe.

Déantar an oibleagáid sochair sainithe a ríomh agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Fostaíonn an Comhlacht achtúirí neamhspleácha gach bliain chun an oibleagáid a ríomh. Socraítear an luach reatha trí na híocaíochtaí measta don todhchaí a lascainiú agus úsáid á baint as torthaí margaidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin atá ainmnithe in Euro agus a bhfuil téarmaí ag gabháil leo atá isteach is amach le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí sa todhchaí.

Déantar luach cóir an phlean a thomhas i gcomhréir leis an ordlathas luacha chóir faoi FRS 102 agus de réir bheartas an Comhlacht do shócmhainní cosúil leis atá á coimeád aici. Maidir leis an gcuid is mó de shócmhainní plean is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Áit nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil baintear úsáid as teicnící cuí um luacháil chun an luach cóir a mheas.

Tá costas an phlean sochair sainithe, atá aitheanta i mbrabús nó caillteanas mar chostais fostaí, ach amháin áit a bhfuil sé cuimsithe i gcostas sócmhainne, déanta suas mar seo a leanas:

(a) an méadú ar dhliteanas sochair phinsin ag eascairt ó sheirbhís an fhostaí le linn na tréimhse; agus

(b) an costas as tabhairt isteach an phlean, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Déantar an glanchostas úis a ríomh agus an ráta lascaine á chur i bhfeidhm ar ghlanmhéid an oibleagáid sochair sainithe agus luach cóir shócmhainní plean. Aithnítear an costas sin i mbrabús nó caillteanas mar 'costas airgeadais eile'.

Maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ag eascairt ó choigeartuithe agus athruithe taithí ar bhoinn tuisceana achtúireacha cuirtear de mhuirear nó chun sochar Ioncaim Chuimsithigh Eile iad. Cuirtear na méideanna sin i dteannta leis an toradh ar shócmhainní plean, lúide méideanna curtha san áireamh i nglanús, i láthair mar 'atomhas ar ghlandliteanas sochair sainithe' in Ioncam Cuimsitheach Eile.

## Cánachas
Cuimsítear sa chostas cánachais le haghaidh na tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha arna n-aithint sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin sa mhéid is a bhaineann sí le míreanna aitheanta in Ioncam Cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás sin, aithnítear an cháin freisin san ioncam cuimsitheach eile nó ar bhonn díreach sa chothromas faoi seach.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais chánachais reatha ná iarchurtha.

**(i) Cáin reatha**
Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe sin. Déantar an cháin a thomhas ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an lucht bainistíochta measúnú tréimhsiúil ar sheasamh arna ghlacadh i dtuairisceáin chánach i leith cásanna ina bhfuil an rialachán cánach is infheidhme faoi réir léirmhínithe. Nuair is cuí, bunaíonn siad soláthair ar bhonn na méideanna a mheastar a íocfar leis na húdaráis chánach.

**(ii) Cáin iarchurtha**
Eascraíonn an cháin iarchurtha as na difríochtaí uainiúcháin, ar dhifríochtaí iad idir an brabús inchánach agus an t-ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin sin ó chuimsiú ioncaim agus costas sna measúnachtaí cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin go léir ag an dáta tuairiscithe faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanas cánach neamhfhaoisimh ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús inchánach eile sa todhchaí.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus a mheastar a bheith infheidhme i leith aisiompú na difríochta uainiúcháin.

## Míreanna eisceachtúla
I ráiteas ioncaim an Chomhlachta aithnítear míreanna eisceachtúla astu féin. Is é atá i míreanna eisceachtúla ná iad siúd nach mór, dar linn, iad a nochtadh astu féin mar gheall ar a méid, a nádúr nó a minicíocht. Creideann an Comhlacht gur féidir anailís bhreise a dhéanamh nuair a dhéantar an saghas sin cur i láthair mar go dtarraingítear aird ar mhíreanna eisceachtúla. I measc na míreanna sin tá gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní agus costais as athstruchtúrú gnó sa mhéid is go bhfuil siad suntasach.

Chuige sin úsáidtear fachtóirí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun 'míreanna eisceachtúla' a shocrú de réir mar a shainíonn muid féin iad. Úsáideann an Comhlacht breithiúnas chun na míreanna áirithe a mheas, atá nochta i ráiteas ioncaim an Chomhlachta agus i nótaí bainteacha mar mhíreanna eisceachtúla, mar gheall ar a méid, a nádúr agus a minicíocht.

## Athaicmiú

Rinneadh méideanna ábhartha áirithe ón mbliain roimhe a athaicmiú chun iad a ailíniú le cur i láthair na míreanna sin sa tréimhse reatha.

## Ionstraimí airgeadais

Tá sé roghnaithe ag an gComhlacht Alt 11 agus 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

### (i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear trádáil agus infháltais eile, airgead tirim agus iarmhéideanna bainc agus éarlaisí gearrthéarmacha, aithnítear iad ó thús ar phraghas an idirbhirt, ach amháin más idirbheart maoiniúcháin é an socrú, i gcás go dtomhaistear an t-idirbheart ar luach reatha na bhfáltas amach anseo agus lascainiú déanta air ar ráta ús margaidh.

Déantar a leithéid de shócmhainní a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an úis ghlain á úsáid.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a tomhaiseadh ar chostas amúchta, d'fhonn fianaise oibiachtúil de bhearnúchán a fháil. Má tá an tsócmhainn bearnaithe, is ionann an caillteanas bearnúcháin agus an difríocht idir an luach tugtha ar aghaidh agus luach reatha na sreafaí measta airgid thirim a bhfuil lascainiú déanta orthu ar ráta bunaidh úis glan na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas bearnúcháin mar bhrabús nó caillteanas.

Más amhlaidh, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaítear méid chaillteanas lagaithe agus gur féidir ceangal oibiachtúil a dhéanamh idir an laghdú agus imeacht a tharla tar éis gur aithníodh an lagú cealaítear an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin. Bíonn an oiread freaschuir i gceist nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha mura mbeadh an bearnú aitheanta roimhe seo. Aithnítear an freaschur lagaithe mar bhrabús nó mar chaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint nuair a théann (a) na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn in éag nó go bhfuil siad socraithe, nó (b) nuair a aistrítear na rioscaí agus luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais go substainteach go páirtí eile nó (c) nuair a aistrítear rialú na sócmhainne airgeadais go páirtí eile a bhfuil sé de chumas praiticiúil aige/aici an tsócmhainn a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a chur i bhfeidhm.

### (ii) Dliteanais airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear trádáil, infháltais eile agus iasachtaí bainc; aithnítear iad ó thús ar phraghas an idirbhirt, ach amháin más idirbheart maoiniúcháin é an socrú, i gcás go dtomhaistear an ionstraim fhéich ar luach reatha na bhfáltas amach anseo agus lascainiú déanta air ar ráta ús margaidh le haghaidh ionstraim fhiachais den chineál céanna.

Déantar na dliteanais sin a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an ráta úis ghlain á úsáid.

Aithnítear táillí a íoctar ar bhunú saoráidí iasachtaí mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go mbeidh cuid den tsaoráid nó í go léir tarraingthe anuas. Sa chás seo, tá an táille iarchurtha go dtí go dtarlóidh an tarraingt anuas. Déantar costais agus táillí idirbhirt a amúchadh thar shaolré na hiasachta.

Is oibleagáidí iad méideanna iníoctha trádála a íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte sa ghnáthchúrsa gnó ó sholáthraithe. Aicmítear cuntais iníoctha mar dhliteanais reatha má tá an íocaíocht dlite taobh istigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhliteanais neamhreatha. Aithnítear méideanna iníoctha trádála ar dtús ar phraghas idirbhirt agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta trí mhodh an úis ghlain.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear deireadh leis an dliteanas, is é sin, nuair a dhíscaoiltear an oibleagáid chonarthach, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

### iii) Díorthaigh

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, agus malairtí ráta úis agus réamhchonarthaí i malairt eachtrach san áireamh.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a dtéitear isteach i gconradh díorthaigh agus ina dhiaidh sin déantar iad a atomhas ag a luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir díorthach i mbrabús nó caillteanas i gcostais airgeadais nó ioncaim mar is cuí. Ní chuireann an Comhlacht cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm faoi láthair i gcás dhíorthaigh ráta úis nó malairte eachtraí.

**iv) Fritháireamh**

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh in éineacht leis na glanmhéideanna atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais nuair atá ceart in-fheidhmithe ann na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil se ar intinn socrú a dhéanamh ar ghlanbhunús nó an tsócmhainn a réadú agus socrú dliteanais a dhéanamh ag an am céanna.

## Forálacha agus teagmhais

Is é atá i bhforálacha ná dliteanais nach bhfuil am ná méid cinnte ag gabháil leo.

Aithnítear forálacha nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gComhlacht de thoradh teagmhas a tharla roimhe seo, is dóchúil go mbeidh aistriú tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú agus gur féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

Déantar forálacha a thomhas ag luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú agus úsáid á baint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar luach ama an airgid agus na rioscaí atá sonrach don dliteanas. Déantar forálacha a athbhreithniú ag deireadh gach bliain airgeadais agus déantar coigeartú orthu chun go léireofaí an meastachán reatha is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais i mbrabús nó caillteanas, agus é curtha i láthair mar chuid de 'ús iníoctha agus muirir chosúla' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé chun cinn.

Nuair atá roinnt oibleagáidí comhchosúla ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh gá le heis-sreabhadh mar shocrú, cinntear é trí aicme na n-oibleagáidí a bhreithniú ina hiomláine.

I gcás dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad mar ní dócha go mbeidh ar an gComhlacht tairbhí eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a shocrú, é sin nó ní bheifear in ann an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana. Aithnítear oibleagáidí féideartha ach éiginnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

## Dáileadh ar shealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní agus dáileadh eile ar scairshealbhóirí an Chomhlachta mar dhliteanas sna ráitis airgeadais le linn na tréimhse ina bhfaomhann scairsealbhóirí an Chomhlachta díbhinní agus dáileadh eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas mar athruithe ar chothromas. Aithnítear díbhinní eatramhacha nuair a íoctar iad.

## Scairchaipiteal

Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas agus aithnítear iad ag na fáltais a fhaightear. Maidir le costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith cheist na ngnáthscaireanna nó na roghanna nua, taispeántar i gcothromas iad mar dhéaduchtú, glan ó cháin, ó na fáltais.

## Cuntais Tuála

Is ionann ioncam tuála agus ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Áirítear le costais tuála ábhair dhíreacha, saothar díreach agus sciar cuí de na forchostais ábhartha, arna gcionroinnt ar an mbonn seo a leanas:

| Forchostas | Bonn na cionroinnte |
|---|---|
| Rátaí | Meánúsáid in aghaidh an tuga |
| Árachas | % den ioncam tuála |
| Leictreachas | Meánúsáid in aghaidh an tuga |
| Teileachumarsáid | % d'iomlán na teileachumarsáide |
| Riarachán | % den chostas iomlán |

## Cuntais phíolótaíochta

Is ionann ioncam píolótaíochta agus ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Áirítear le costais phíolótaíochta ábhair dhíreacha, ábhar díreach saothar díreach forchostas agus sciar cuí de na forchostais ábhartha, arna gcionroinnt ar an mbonn seo a leanas:

| Forchostas | Bonn na cionroinnte |
|---|---|
| Rátaí long phíolótaíochta | Úsáid ar an meán in aghaidh |
| Árachas | % ioncaim phíolótaíochta |
| Leictreachas | Úsáid ar an meán |
| Teileachumarsáid | % d'iomlán na teileachumarsáide |
| Riarachán | % den chostas iomlán |

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020





| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas** | 5 | 86,596 | 92,723 |
| Costas díolachán | | (31,920) | (32,467) |
| **Brabús Comhlán** | | **54,676** | **60,256** |
| Speansais riaracháin | | (11,191) | (16,027) |
| Ioncam oibriúcháin eile | 6 | 665 | - |
| **Brabús Oibriúcháin** | 8 | **44,150** | **44,229** |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | 7 | 613 | 1,069 |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | 7 | (5,074) | (679) |
| Airgeadas glan (Speansas)/Ioncam | | (4,461) | 390 |
| **Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas** | | **39,689** | **44,619** |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí | 10 | (5,438) | (5,974) |
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | | **34,251** | **38,645** |

Ba ó ghníomhaíochtaí leantacha amháin a d'eascair Láimhdeachas agus Brabús Oibriúcháin.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020





| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | | **34,251** | **38,645** |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais aitheanta ar oibleagáidí sochair sainithe | 30 | 8,194 | (5,212) |
| Cáin iarchurtha bainteach le (gnóthachan)caillteanas atomhais ar oibleagáidí sochair sainithe | 10 | (1,024) | 651 |
| **Ioncam cuimsitheach eile/(caillteanas) don bhliain airgeadais, glan ó cháin** | | **7,170** | **(4,561)** |
| **Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain airgeadais** | | **41,421** | **34,084** |

# Clár Comhardaithe

Amhail an 31 Nollaig 2020



| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 11 | 612,771 | 564,077 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 354 | 380 |
| | | **613,125** | **564,457** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Talamh forbartha | 13 | 1,246 | 1,246 |
| Fardail | 14 | 588 | 540 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 15 | 20,426 | 18,401 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 160,137 | 77,305 |
| Infheistíochtaí | 16 | 55,712 | 48,044 |
| | | **238,109** | **145,536** |
| **Creidiúnaithe** – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 17 | **(17,728)** | **(14,073)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **220,381** | **131,463** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **833,506** | **695,920** |
| **Creidiúnaithe** – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin | 18 | (306,038) | (211,776) |
| **Forálacha le haghaidh Dliteanas** | | | |
| Forálacha eile le haghaidh dliteanas | 21 | (15,629) | (13,726) |
| **Glansócmhainní** | | **511,839** | **470,418** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas | 22 | 14,464 | 14,464 |
| Cúlchiste um thiontú caipitil | 22 | 119 | 119 |
| Cuntas Brabúis agus caillteanais | | 496,538 | 455,117 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 22 | 718 | 718 |
| **Iomlán an chothromais** | | **511,839** | **470,418** |

Rinne an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanach 27 go dtí 66 a údarú lena n-eisiúint ar an 26 Márta 2021, agus síníodh thar ceann an Bhoird iad.

**Thar ceann an Bhoird**

**Jerry Grant** Cathaoirleach
**Eamonn O'Reilly** Príomhfheidhmeannach

*26th March 2021*

# Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020



| | Nóta | Scairchaipite al glaoite €'000 | Cúlchiste um thiontú caipitil €'000 | Ranníocaíocht chaipitiúil €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2019** | 22 | **14,464** | **119** | **718** | **425,133** | **440,434** |
| Brabús na bliana | | - | - | - | 38,645 | 38,645 |
| Ioncam Cuimsitheach Eile | | - | - | - | (4,561) | (4,561) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | | - | - | - | 34,084 | 34,084 |
| Díbhinní | 9 | - | - | - | (4,100) | (4,100) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | 22 | **14,464** | **119** | **718** | **455,117** | **470,418** |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2020** | 22 | **14,464** | **119** | **718** | **455,117** | **470,418** |
| Brabús na bliana | | - | - | - | 34,251 | 34,251 |
| Ioncam Cuimsitheach Eile | | - | - | - | 7,170 | 7,170 |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | | - | - | - | 41,421 | 41,421 |
| Díbhinní | 9 | - | - | - | - | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020** | 22 | **14,464** | **119** | **718** | **496,538** | **511,839** |

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020



| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanmhéid airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 23 | 51,552 | 55,809 |
| Cáin íoctha | | (2,893) | (5,707) |
| **Glanairgead ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **48,659** | **50,102** |
| **Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | | (56,878) | (77,025) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | (61) | (44) |
| Deontais a fuarthas | | - | 1,914 |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | 51 | 5 |
| Ús faighte | | 10 | - |
| **Glanmhéid airgid thirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(56,878)** | **(75,150)** |
| **Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Fáltais ó eisiúint bannaí | | 100,000 | 100,009 |
| Aisíocaíocht áiseanna téarma fiachais | | (5,264) | (36,316) |
| Díbhinní íoctha | 9 | - | (4,100) |
| Ús íoctha agus muirir chomhchosúla | | (3,685) | (494) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **91,051** | **59,099** |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh** | | **82,832** | **34,051** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana** | | **77,305** | **43,254** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | | **160,137** | **77,305** |
| **Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim déanta suas de:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 160,137 | 77,305 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **160,137** | **77,305** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais



## 1. Faisnéis ghinearálta

Soláthraíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus na láithreacha crua-sheasta le freastal ar riachtanais custaiméirí maidir le haistriú éifeachtúil earraí agus paisinéirí idir móid tíre agus muirí.

Gintear ioncam, maidir leis na háiseanna sin a chur ar fáil, ó na nithe seo a leanas: dleachtanna soithigh, dleachtanna earraí, cíos agus na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tuáil agus píolótaíocht.

Tá an Comhlacht corpraithe i bPoblacht na hÉireann agus tá sainchónaí air inti. Is é seoladh a hoifige cláraithe ná Ionad an Phoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

## 2. Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil,arna mhodhnú chun míreanna áirithe ag luach cóir a chur san áireamh, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("CTA 102"), agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

## 3. Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla a úsáidtear agus beartais chuntasaíochta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm

Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile, lena n-áirítear imeachtaí sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leo, a mheastar a bheith réasúnta sa chás áirithe sin.

Déanann an Comhlacht meastacháin agus glacann le boinn tuisceana maidir leis an todhchaí. Na meastacháin chuntasaíochta a bheidh ann dá bharr, is annamh, faoi mar a thuigfí, a bheidh siad comhionann leis na torthaí iarbhír gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus boinn tuisceana a bhfuil baol mór ag baint leo go mbeidh coigeartú ábhartha mar thoradh orthu ar ghlanmhéideanna sócmhainní agus dliteanas laistigh den bhliain airgeadais atá le teacht:

### (i) Saolré úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní inláimhsithe seasta

Is féidir leis an muirear dímheasa bhliantúil le haghaidh sócmhainní inláimhsithe athrú de réir athruithe ar shaolré eacnamaíoch úsáideach measta agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain agus a leasú más gá. Féach nóta 11 le haghaidh glanmhéid sócmhainní inláimhsithe an Chomhlachta agus na Beartais Chuntasaíochta don tsaolré eacnamaíoch úsáideach atá i gceist i gcás gach aicme sócmhainne.

### (ii) Scéim pinsin le sochair sainithe

Tá sé mar oibleagáid ar an gComhlacht sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, a bhfuil ina measc; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Déanann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin a mheas chun an ghlanoibleagáid phinsin sa Chlár Comhardaithe a mheas. Léiríonn na boinn tuisceana taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach nóta 30 le haghaidh an nochta maidir leis an scéim pinsin le sochair sainithe.

## 4. Sócmhainní agus dliteanais arna bhfáil ar an Lá Dílsithe

Faoi fhorálacha an Achta Cuanta, 1996, chuaigh an Comhlacht i mbun na bhfeidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ag Bord Phort agus Duganna Bhaile Átha Cliath ar an 3 Márta 1997 ("An Lá Dílseacháin").

Ansin shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am, an costas don Comhlacht as sócmhainní a fuair siad ar an Lá Dílseacháin. Tógadh ar láimh dliteanais (pinsin agus deontais chaipitil) ag a méideanna iarbhír nó socraithe. Áirítear le dliteanais phinsin (féach nóta 30) iad siúd i dtaobh teidlíochtaí pinsin roimh an Lá Dílsithe de chuid fhostaithe an Chomhlachta, chomh maith le pinsinéirí reatha agus iarchurtha an aonáin a bhí ann roimhe, Bord Phort agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Píolótaíochta a bunaíodh faoin Acht Píolótaíochta 1913, trí oibriú an dlí chuig Comhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 Ordú (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 1997.

Sásaíodh an chomaoin le haghaidh na nglansócmhainní arna n-aistriú chuig an gComhlacht trí 6.023 milliún gnáthscair de R£1 (€1.27) a chruthú agus a eisiúint agus gach ceann íoctha go hiomlán. Tá aon ghnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile díobh i seilbh an Aire Iompair amhail an 31 Nollaig 2020.

## 5. Láimhdeachas

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **De réir aicme gnó** (iad go léir laistigh de Phoblacht na hÉireann) | | |
| Dleachtanna poirt | 71,467 | 78,591 |
| Cíosanna | 14,377 | 13,064 |
| Ceadúnais | 612 | 680 |
| Eile | 140 | 388 |
| | **86,596** | **92,723** |

## 6. Ioncam Oibriúcháin Eile

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Athluacháil réadmhaoine infheistíochta | 665 | - |
| | **665** | **-** |

## 7. Ioncam Airgeadais/speansas

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| (a) Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla: | | |
| - Ús iníoctha ar iasachtaí bainc | (1,781) | (2,206) |
| - Ús ar Bhanna Láithrithe Príobháidigh | (4,803) | (129) |
| - Ús iníoctha eile | (87) | (58) |
| **Iomlán le híoc** | **(6,671)** | **(2,393)** |
| **Ús iníoctha caipitlithe** | **1,597** | **1,714** |
| **Ús infhaighte iníoctha agus muirir chomhchosúla** | **(5,074)** | **(679)** |
| b) Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil: | | |
| - Ús infhaighte | 10 | - |
| - Glanioncam airgeadais ar shochair scoir *(féach nóta 30)* | 603 | 1,069 |
| **Iomlán an úis infhaighte agus ioncam comhchosúil** | **613** | **1,069** |
| **c) Airgeadas glan (Speansas)/Ioncam** | **(4,461)** | **390** |

## 8. Brabús Oibriúcháin

Thángthas ar an bhfigiúr don Bhrabús Oibriúcháin tar éis an méid seo a leanas a mhuirearú/(a chur chun sochair):

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(féach nóta 11)* | 10,998 | 10,238 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe *(féach nóta 12)* | 86 | 80 |
| Amúchadh deontas caipitil *(féach nóta 20)* | (564) | (582) |
| Barrachas ar athluacháil réadmhaoine infheistíochta *(féach nóta 6)* | 665 | - |
| Gnóthachan lagaithe ar mhéideanna trádála infhála | (120) | (28) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | (40) | (5) |

**Luach saothair na nIniúchóirí:**
Seo a leanas an luach saothair (agus speansais san áireamh) as an iniúchadh reachtúil agus seirbhísí eile arna gcur ar fáil ag iniúchóirí an Chomhlachta:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais an aonáin | 55 | 43 |
| Seirbhísí dearbhaithe eile | 14 | 14 |
| Seirbhísí neamh-iniúchtha eile | - | 8 |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | 53 | 28 |
| | **122** | **93** |

| **Tacaíocht Sheachtrach agus Costais Speisialtóra Chomhairleacha** | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 531 | 946 |
| Cáin agus Comhairle Airgeadais | 93 | 124 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | 91 | 241 |
| Pinsean agus Acmhainní Daonna | 474 | 312 |
| Innealtóireacht | 304 | 471 |
| Comhshaol | 418 | 303 |
| Eile | 596 | 1,099 |
| **Costais Iomlána arna ngearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais** | **2,507** | **3,496** |
| | | |
| Costais Chaipitlithe | 7,168 | 8,307 |
| Costais arna ngearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais | 2,507 | 3,496 |
| **Costais Iomlána** | **9,675** | **11,803** |

## 8. Brabús Oibriúcháin (ar leanúint)

| **Costais Dhlíthiúla agus Socruithe** | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Socruithe íoctha | 63 | 68 |
| Socruithe faighte | (5) | (43) |
| **Iomlán** | **58** | **25** |

| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Inmheánach | | |
| - Bord | - | - |
| - Fostaithe | 8 | 17 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | 1 | 6 |
| - Fostaithe | 17 | 43 |
| **Iomlán** | **26** | **66** |

| **Caiteachas fáilteachais** | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Fáilteachas na bhFostaithe | 40 | 104 |
| Fáilteachas na gCliant | 38 | 131 |
| **Iomlán** | **78** | **235** |

**Cuntais Tuála**

Thug Parlaimint na hEorpa an Rialachán um Sheirbhísí Calafoirt (Rialachán 2017/352) isteach ar an 15 Feabhra 2017. De réir an Rialacháin, bunaítear creat um sholáthar sheirbhísí poirt agus rialacha coiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais na bport.

Leagtar amach thíos cuntas Brabúis agus Caillteanais i ndáil le seirbhís tuála an Chomhlachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, i dteannta le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2019.

| | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Láimhdeachas (san áireamh le láimhdeachas Dleachtanna Poirt – féach nóta 5) | 3,701 | 4,362 |
| Costas díolachán | 1,271 | 1,423 |
| **Brabús Comhlán** | **2,430** | **2,939** |
| Speansais riaracháin | 1,016 | 973 |
| **Brabús Oibriúcháin** | **1,414** | **1,966** |

## 8. Brabús Oibriúcháin (ar leanúint)

**Cuntais phíolótaíochta**

Leagtar amach thíos cuntas brabúis agus caillteanais i ndáil le seirbhís phíolótaíochta an Chomhlachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, i dteannta le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2019.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Láimhdeachas (san áireamh le láimhdeachas Dleachtanna Poirt – féach nóta 5) | 3,704 | 4,486 |
| Costas díolachán | 1,945 | 2,031 |
| **Brabús Comhlán** | **1,759** | **2,455** |
| Speansais riaracháin | 1,119 | 1,075 |
| **Brabús Oibriúcháin** | **640** | **1,380** |

## 9. Díbhinn Íoctha

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn eatramhach íoctha de €0.00 in aghaidh na scaire (2019: €0.3543 in aghaidh na scaire) | - | (4,100) |

## 10. Cánachas

### (a) Speansas cánach curtha san áireamh i mBrabús agus Caillteanas

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Bunaithe ar bhrabús ghníomhaíocht calafoirt le haghaidh na bliana: Cáin Chorparáide ag ráta éifeachtach de 12.5% (2019: 12.5%) | (4,249) | (5,165) |
| Bunaithe ar bhrabús maidir le gníomhaíocht nach gníomhaíocht Poirt í Cáin Chorparáide ag ráta éifeachtach de 25% (2019: 25%) | (310) | (311) |
| | **(4,559)** | **(5,476)** |
| Coigeartuithe i dtaobh tréimhsí atá imithe thart | - | 102 |
| **Iomlán na cánach reatha** | **(4,559)** | **(5,374)** |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Difríochtaí uainiúcháin idir ranníocaíochtaí pinsin arna n-íoc agus pinsin arna muirearú | 66 | (9) |
| Difríochtaí uainiúcháin maidir le Liúntais Chaipitil luathaithe | (945) | (591) |
| **Iomlán na cánach iarchurtha** | **(879)** | **(600)** |
| **Iomlán an mhuirir cánach** | **(5,438)** | **(5,974)** |

### (b) Speansas cánach curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin iarchurtha** | | |
| - Cáin iarchurtha bainteach le caillteanas/(gnóthachan) mar thoradh ar atomhas pinsean le sochar sainithe | (1,024) | 651 |
| **Ioncam/(speansas) cánach curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile** | **(1,024)** | **651** |

### (c) Imréiteach an mhuirir chánach

Tá an muirear iomlán as Cáin Chorparáide le haghaidh na bliana airgeadais níos airde (2019: níos airde) ná an muirear cánach iomlán a thiocfadh chun cinn mar thoradh ar ráta caighdeánach Cháin Chorparáide na hÉireann a chur i bhfeidhm ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí. Mínítear na difríochtaí thíos:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Cháin** | **39,689** | **44,619** |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí agus é iolraithe faoi mheánráta Cáin Chorparáide na hÉireann don bhliain de 12.5% (2019: 12.5%) | (4,961) | (5,577) |
| Éifeachtaí a bhaineann le: | | |
| Speansais dícheadaithe | (322) | (343) |
| Ioncam éighníomhach dlite do cháin ag 25% | (155) | (156) |
| Coigeartú ar an muirear cánach i dtaobh na bliana roimhe | - | 102 |
| **Muirear cánach iomlán don tréimhse** | **(5,438)** | **(5,974)** |

## 11. Sócmhainní Inláimhsithe

| | Tailte agus Foirgnimh | Críochfoirt | Struchtúir Duga, Dugaí Tirime agus Céanna | Árthaí ar snámh | Craenacha | Gléasra agus Innealra | Réadmhaoin Infheistíochta | CIP | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 146,584 | 211,421 | 171,268 | 16,868 | 3,540 | 28,716 | 8,500 | 149,250 | 736,147 |
| Breiseanna i rith na bliana | 103 | 771 | 7,207 | 2,142 | - | 918 | - | 47,898 | 59,039 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | (76) | - | - | (76) |
| Aistriú ó CIP | 10,192 | - | 7,558 | 2,303 | - | - | - | (20,053) | - |
| Athluacháil IP | | | | | | | 665 | | 665 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **156,879** | **212,192** | **186,033** | **21,313** | **3,540** | **29,558** | **9,165** | **177,095** | **795,775** |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 22,135 | 89,966 | 34,625 | 5,790 | 3,378 | 16,176 | - | - | 172,070 |
| Muirear don bhliain | 2,268 | 2,867 | 3,750 | 751 | 8 | 1,354 | - | - | 10,998 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | (65) | - | - | (65) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **24,403** | **92,833** | **38,375** | **6,541** | **3,386** | **17,465** | **-** | **-** | **183,004** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 124,449 | 121,455 | 136,643 | 11,078 | 162 | 12,540 | 8,500 | 149,250 | 564,077 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **132,476** | **119,359** | **147,658** | **14,772** | **153** | **12,093** | **9,165** | **177,095** | **612,771** |

Ba é an tAire Cumarsáidí, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am a shocraigh an costas don Chuideachta as sócmhainní arna bhfáil ar an Lá Dílsithe, 3 Márta 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 mar chomaoin do scaireanna eisithe.

Áirítear i gcostais na sócmhainní seasta ús carnach ar fiú €4.8m é (2019:€3.2m).

In 2020, aithníodh €40,000 (2019: €5,000) de bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe.

Is ionann an réadmhaoin infheistíochta agus leas 50% i maoin ruílse, agus rinne Lisney í a luacháil go neamhspleách amhail an 31 Nollaig 2020 ar bhonn luacháil margaidh oscailte. B'ionann an luacháil agus tuairim an luachálaí ar luach margaidh amhail an 31 Nollaig 2020 agus ullmhaíodh í i gcomhréir leis an Luacháil RICS - Caighdeáin Idirnáisiúnta (a chuimsíonn na Caighdeáin Luachála Idirnáisiúnta), a d'fhoilsigh an Royal Institution of Chartered Surveyors i Lúnasa 2017. Thug an luachálaí faoi deara go bhfuil luachanna faoi réir athruithe de thoradh choigeartuithe an mhargaidh agus fachtóirí eile, agus mar sin go bhféadfadh go mbeadh luachanna sa todhchaí níos airde nó níos ísle mar a bhí ar an dáta luachála. Tháinig barrachas athluachálaar fiú €0.7m chun cinn in 2020 (2019: €Nialas). Aon bharrachas a thagann aníos i dtaca leis an athluacháil seo, cuirfear é do shochar na líne eile ioncaim oibriúcháin den chuntas Brabúis agus Caillteanais.

## 12. Sócmhainní doláimhsithe

| | 2020<br>€'000 |
|---|---|
| **Costas nó luacháil** | |
| Amhail an 1 Eanáir | 1,615 |
| Breiseanna i rith na bliana | 61 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **1,676** |
| **Amúchadh Carntha** | |
| Amhail an 1 Eanáir | 1,235 |
| Muirear don bhliain | 86 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **1,322** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | |
| Amhail an 1 Eanáir | 380 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **354** |

Is sócmhainní doláimhsithe iad bogearraí ríomhaireachta atá forbartha go seachtrach agus déantar na bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta ar bhonn mhodh na líne dhírigh. Tosaíonn an t-amúchadh nuair atá an tsócmhainn réidh don úsáid a ceapadh di.

## 13. Talamh Forbartha

Chuaigh an Comhlacht isteach i gComhaontú arna dhátú an 6 Iúil 1999 le Earlsfort East Point agus Eastpoint (Development) Two Ltd. ("an Forbróir"), le haghaidh forbairt comhdhéanta de thart ar 14 acra de thalamh in aice le Forbairt Ionad Gnó an Phointe Thoir Céim I.

Amhail an 31 Nollaig 2020, tá infháltas de €1.246m fós gan íoc maidir leis na trí láithreán talún (a chuimsíonn beagnach 6 acra de thalamh) atá faoi réir an tsocraithe sin. Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil glanluach na talún sin go hiomlán inaisghabhála amhail an 31 Nollaig 2020.

I dteannta le comaoin as an talamh a díoladh, tá an Comhlacht i dteideal comaoin eile arna ríomh ar bhonn sciar de na glanbhrabúis arna réadú ar dhíolachán maoine forbartha ag Eastpoint (Development) Two Ltd.

Aithneofar an chomaoin faoin gcomhaontú sin sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina réadóidh Comhlacht Chalafort Átha Cliath í. Níor aithníodh aon chomaoin i rith na bliana (2019: NIALAS).

Tá an Comhlacht i mbun plé leis an bhforbróir faoi láthair agus é mar aidhm an t-amfhráma a thabhairt chun críche ó thaobh na comaoine i dtaobh talún agus aon chomaoin bhreise le fáil ar dhíolachán deireanach na maoine ábhartha.

## 14. Fardail

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Earraí intomhalta | **588** | **540** |

Tá fardal déanta suas de mhíreanna intomhalta, páirteanna breise agus stórais arna n-úsáid chun fearas a chothabháil. Ní raibh aon difríocht ábhartha idir costas athsholáthair an fhardail agus an méid leabhar thuas.

Luaitear féichiúnaithe trádála tar éis soláthairtí do bhearnúchán de €5k (2019: €Nialas).

## 15. Féichiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 15,095 | 13,712 |
| CBL | 692 | 585 |
| Ranníocaíochtaí infhála ón scéim pinsin | 2,704 | 2,361 |
| Cáin Chorparáide | - | 1,244 |
| Méideanna infhála eile | 1,935 | 499 |
| | **20,426** | **18,401** |

Luaitear féichiúnaithe trádála tar éis soláthairtí do bhearnúchán de €162k (2019: €42k).

## 16. Infheistíochtaí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainn pinsin le sochair sainithe *(féach nóta 30)* | 55,712 | 48,044 |
| | **55,712** | **48,044** |

## 17. Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 2,331 | 1,955 |
| Fabhruithe | 13,627 | 10,379 |
| Ioncam iarchurtha – deontais *(féach nóta 20)* | 490 | 580 |
| Cáin Siarchoinneála/Cáin Chonarthaí Iomchuí as Seirbhísí Gairmiúla | 272 | 309 |
| Cáin ioncaim arna déaduchtú faoi PAYE | 440 | 710 |
| Cáin Chorparáide | 422 | - |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 146 | 140 |
| | **17,728** | **14,073** |
| Creidiúnaithe um chánachas agus leas sóisialta curtha san áireamh thuas | **1,280** | **1,159** |

Bíonn creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla i gcaitheamh na dtrí mhí dár gcionn i gcomhréir le gnáth-théarmaí creidmheasa na soláthraithe.

Bíonn cáin agus árachas sóisialta iníoctha ar dhátaí éagsúla i gcaitheamh na míonna atá le teacht i gcomhréir leis na forálacha reachtúla is infheidhme.

## 18. Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam iarchurtha – deontais *(féach nóta 20)* | 12,608 | 13,083 |
| Iasachtaí bainc *(féach nóta 19)* | 293,430 | 198,693 |
| | **306,038** | **211,776** |

## 19. Iasachtaí agus Fiachas Eile

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Iomlán na n-iasachtaí | 293,430 | 198,693 |
| | **293,430** | **198,581** |
| Tá na hiasachtaí sin iníoctha i gcaitheamh na dtréimhsí seo a leanas tar éis dheireadh na bliana: | | |
| Tar éis cúig bliana nó níos mó | 293,430 | 198,693 |
| | **293,430** | **198,693** |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 93,421 | 98,684 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 200,009 | 100,009 |
| | **293,430** | **198,693** |

**Iasachtaí bainc reatha:**
Tá comhaontú déanta ag an gComhlacht le Ulster Bank DAC maidir le saoráid chreidmheasa imrothlaigh ar luach €50m. Cuireadh an tsaoráid sin i bhfeidhm ar bhonn téarma cúig bliana i dtosach báire, agus bhí rogha ann é sin a shíneadh ar feadh dhá thréimhse d'aon bhliain amháin, faoi réir cead ón mbanc. D'fheidhmigh an Comhlacht a rogha le linn 2019 chun an tsaoráid a shíneadh, agus tá sí anois le bheith aisíoctha go hiomlán i Márta 2024. Bhí an tsaoráid gan íostarraingt amhail ag deireadh na bliana (2019: €NIALAS).

Tá an ráta úis ar an iasacht athraitheach ar bhonn an EURIBOR agus ar an gcorrlach is infheidhme. Níl aon urrús inláimhsithe á choimeád ag Banc Uladh i leith na saoráide sin.

**Iasachtaí bainc fadtéarmacha:**
Rinne an Comhlacht Conradh Maoinithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i mí na Nollaig 2015 i leith saoráid mhaoinithe tionscadail de €100m. Bhí an tsaoráid sin i bhfeidhm ar feadh téarma 20 bliain agus bhí sí íostarraingthe go hiomlán amhail ag deireadh na bliana. B'ionann an t-iarmhéid gan íoc agus €93.4m amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €98.68m).

**Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh:**
D'eisigh an Comhlacht bannaí sinsearacha neamhurraithe de €300m i mí na Nollag 2019 do réimse infheisteoirí institiúideacha. Eisíodh na bannaí ráta seasta sin in euro agus tá siad liostaithe ar an Margadh Malairte Domhanda de Euronext Bhaile Átha Cliath. Tiocfaidh na bannaí in aibíocht i Meán Fómhair 2049. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí €200m de bhannaí ceannaithe. Tá gealltanas i bhfeidhm go gceannóidh na hinfheisteoirí an €100m réamhcheannachán atá fágtha de na bannaí, dá dtagraítear bannaí réamhcheannacháin, ar dháta sonraithe i 2021. Tá de rogha ag an gComhlacht, áfach, an gealltanas sin a chur ar ceal gan aon chostas agus gan cuid de na bannaí réamhcheannacháin a cheannach, nó gan aon cheann díobh a cheannach.

Anuas air sin, d'eisigh an Comhlacht méid nótaí neamhliostaithe d'fho-ghrúpa infheisteoirí ar phraghas ainmniúil. Is meicníocht mhalartach d'infheisteoirí iad nótaí neamhliostaithe, a chuireann ar a gcumas suibscríobh do na bannaí atá fágtha (in ionad bannaí réamhcheannacháin a cheannach). Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí €9,000 faighte ag an gComhlacht i ndáil le nótaí neamhliostaithe a cheannach.

Tá coinníollacha ag an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus ag saoráidí eile, a éilíonn ar an gComhlacht cúnaint áirithe a chomhlíonadh. Amhail an 31 Nollaig 2020, tá an Comhlacht ag cloí go hiomlán leis na riachtanais uile maidir le cúnaint.

## 20. Ioncam Iarchurtha

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais agus ranníocaíochtaí i dtreo sócmhainní seasta** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 13,663 | 12,330 |
| Faighte le linn na bliana | - | 1,915 |
| Amúchta chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais i rith na bliana | (564) | (582) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **13,099** | **13,663** |
| Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin (féach nóta 17) | 490 | 580 |
| Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin (féach nóta 18) | 12,609 | 13,083 |
| | **13,099** | **13,663** |

Maidir le deontais chaipitiúla arna bhfáil ó údaráis éagsúla i dtaobh caiteachais chaipitil arna bhfulaingt déantar iad a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais iad i gcaitheamh shaol úsáideach measta na sócmhainní ábhartha.

## 21. Forálacha le haghaidh Dliteanas

Bhí na dliteanais chánach iarchurtha seo a leanas ag an gComhlacht i rith na bliana:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | (13,726) | (13,777) |
| Breiseanna ar déileáladh leo i mbrabús agus caillteanas | (879) | (600) |
| Breiseanna ar déileáladh leo in ioncam cuimsitheach eile | (1,024) | 651 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **(15,629)** | **(13,726)** |

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Léirithe mar: | | |
| Dliteanais cánach iarchurtha laistigh d'fhorálacha le haghaidh dliteanas | **(15,629)** | **(13,726)** |

Tá an fhoráil um cháin iarchurtha déanta suas de na sócmhainní/(dliteanais) cánach iarchurtha seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Scéim pinsin le sochair sainithe | (6,964) | (6,006) |
| Difríochtaí uainiúcháin eile | 44 | 44 |
| Liúntais chaipitiúla luathaithe | (8,709) | (7,764) |
| | **(15,629)** | **(13,726)** |

Níor aithníodh sócmhainní cánach iarchurtha de €0.3m (2019: €0.3m) i dtaobh caillteanas caipitiúil ar an mbunús nach dócha go bhfaighfear ar ais an sochar ón gcaillteanas cánach sin.

## 22. Scairchaipiteal agus Cúlchistí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| 96.5m gnáthscair de €1.25 in aghaidh an duine | **120,625** | **120,625** |
| **Cionroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán – léirithe mar chothromas** | | |
| 11.571m gnáthscair de €1.25 in aghaidh an duine | **14,464** | **14,464** |

Tá aicme amháin de ghnáthscaireanna ann. Níl aon srianta ar dháileadh díbhinní ná aisíoc caipitil. Tá cearta vótála comhionanna agus díbhinní ranga ag gabháil le gach scair sa mhéid is go bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

**Cúlchistí**
Tá an t-iarmhéid oscailte, an t-iarmhéid deiridh agus na gluaiseachtaí ar gach cúlchiste leagtha amach sa Ráiteas faoi Athruithe ar Chothromas. Tá cur síos ar gach cúlchiste tugtha thíos.

**Scairchaipiteal glaoite**
Tá scairchaipiteal glaoite údaraithe an Chomhlachta déanta suas de ghnáthscaireanna.

**Cúlchiste um thiontú caipitil**
Rinneadh gnáthscaireanna an Chomhlachta a athainmniú ó €1.269738 in aghaidh an chinn go €1.25 in aghaidh an chinn i 2001 agus aistríodh an méid faoinar laghdaíodh scairchaipiteal eisithe an Chomhlachta chuig ciste ar a dtugtar an Cúlchiste um Thiontú Caipitil.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Cúlchiste um thiontú caipitil | 119 | 119 |

**Ranníocaíocht chaipitiúil**
D'ordaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go n-aistreofaí feidhmeanna Chuideachta Phort Dhún Dealgan chuig an gComhlacht ar an 12 Iúil 2011, mar a cheadaigh na hAchtanna Cuanta, 1996 go dtí 2009. Rinneadh na sócmhainní agus dliteanais arna dtógáil ar láimh ag an gComhlacht mar thoradh ar an Ordú Aire sin a thaifeadadh ag a luachanna córa ar an dáta sin. Aithníodh méid comhfhreagrach mar Ranníocaíocht Chaipitiúil i gCistí Scairshealbhóra chun a léiriú go meastar go bhfuil na sócmhainní arna bhfáil agus na dliteanais arna nglacadh comhionann le ranníocaíocht ó phríomh-scairshealbhóir an Chomhlachta.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 718 | 718 |

## 23. Nóta leis an ráiteas ar shreabhadh airgid

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **34,251** | **38,645** |
| | | | |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí | 10 | 5,438 | 5,974 |
| Airgeadas glan Speansas/(Ioncam) | 7 | 4,461 | (390) |
| **Brabús Oibriúcháin** | | **44,150** | **44,229** |
| | | | |
| Amúchadh deontas caipitiúil | 20 | (564) | (582) |
| Dímheas sócmhainní inláimhsithe | 11 | 10,998 | 10,238 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 12 | 86 | 80 |
| Athluacháil réadmhaoine infheistíochta | 11 | (665) | - |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní | | (40) | (5) |
| Méadú ar fhardail | | (48) | (38) |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | | (3,318) | 78 |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe | | (176) | 815 |
| Athrú maidir le soláthar pinsin | 1,129 | 994 | |
| **Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **51,552** | **55,809** |

## 24. Ceangaltais

Ar an 31 Nollaig, bhí na ceangaltais chaipitil seo a leanas ag an gComhlacht:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Caiteachas caipitil sa todhchaí nach ndearnadh foráil dó** | | |
| Conradh déanta dó | 59,676 | 55,445 |
| Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan conradh déanta dó | - | 29,388 |
| | **59,676** | **84,833** |

## 25. Léasaithe Oibriúcháin an Léasóra

Tá na híocaíochtaí léasaithe íosta oibriúcháin atá le fáil faoi léasaithe oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal mar a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Talamh** | | |
| Bliain amháin | 11,615 | 10,535 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 39,377 | 34,154 |
| Níos mó ná cúig bliana | 285,729 | 281,729 |
| | **336,721** | **326,418** |

Thuill an Comhlacht €14.4m (2019: €13.1m) ó ioncam cíosa don bhliain. Is ionann na méideanna thuasluaite agus ioncam cíosa atá le fáil sa todhchaí thar shaolré na gcomhaontuithe léasa oibriúcháin atá i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2020, nó atá le fáil go dtí an chéad chlásal scoir i leith na léasanna sin.

## 26. Ionstraimí Airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais seo a leanas ag an gComhlacht::

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad atá tomhaiste ar chostas amúchta: | | |
| Féichiúnaithe trádála | 15,095 | 13,712 |
| Féichiúnaithe eile | 1,935 | 499 |
| | **17,030** | **14,211** |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **160,137** | **77,305** |
| Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta | | |
| Iasachtaí bainc | 293,430 | 198,693 |
| Creidiúnaithe trádála | 2,331 | 1,955 |
| Creidiúnaithe eile | 13,627 | 10,379 |
| | **309,388** | **211,027** |

## 27. Luach Saothair na Stiúrthóirí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Luachanna Saothair | 409 | 402 |
| Ranníocaíochtaí le scéimeanna sochair scoir | | |
| - Sochar sainithe | 75 | 178 |

Tá sochair scoir á bhfabhrú chuig beirt Stiúrthóir (2019: beirt Stiúrthóir) faoi scéimeanna le sochair sainithe.

Ní ghlacann na Stiúrthóirí páirt in aon scéimeanna dreasachta fadtéarmaí agus níl aon leasanna cothromais acu sa Chomhlacht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí i rith na bliana (2019: NIALAS) i dtaobh cúiteamh as íocaíochtaí oifige nó foirceanta eile a chailleadh.

## 27. Luach Saothair na Stiúrthóirí (ar leanúint):

San áireamh sa mhéid thuas tá pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh déanta suas mar seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Stiúrthóra | 13 | 13 |
| Tuarastal | 185 | 185 |
| Sochair eile a chuimsíonn Costais Phinsin agus Sochair Inchánach | 61 | 161 |
| | **259** | **359** |

| **Táillí Stiúrthóirí** | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| L McCaffrey | - | 21,215 |
| E O'Reilly | 12,600 | 12,600 |
| M Brophy | 12,600 | 11,547 |
| H Collins | 12,600 | 12,600 |
| G Darling | 12,600 | 12,600 |
| M Hand | 12,600 | 12,600 |
| K Nolan * | 12,600 | 12,600 |
| L Williams | 12,600 | 11,547 |
| | **88,200** | **107,309** |

*I dteannta le táillí na Stiúrthóirí, íocadh an tUas. Nolan mar fhostaí de Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.

**Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí**

Tá an cúiteamh atá íoctha nó iníoctha le príomhbhainisteoirí taispeánta thíos:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 1,744 | 1,779 |
| Sochair iarfhostaíochta | 264 | 377 |
| **Iomlán chúiteamh na bpríomhbhainisteoirí** | **2,008** | **2,156** |

Léiríonn méideanna cúitimh nochta na bpríomhbhainisteoirí cúiteamh do na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí an Chomhlachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn na príomhbhainisteoirí Comhaltaí Boird agus baill den fhoireann bainistíochta feidhmí. Tá ÁSPC an fhostóra san áireamh leis na méideanna thuasluaite.

## 28. Fostaithe

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Tá costais foirne déanta suas de: | | |
| Pá agus tuarastail | 11,942 | 12,008 |
| Liúntais | 410 | 371 |
| Ragobair | 464 | 410 |
| Costais leasa shóisialaigh | 1,246 | 1,230 |
| Costais phinsin eile - Scéimeanna le Sochair Sainithe *(féach nóta 30)* | 1,233 | 1,204 |
| Costais phinsin eile - Scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe *(féach nóta 30)* | 848 | 762 |
| | **16,143** | **15,985** |

As costais iomlána na mball foirne, rinneadh €1,085,000 (2019: €1,046,000) a chaipitliú i sócmhainní seasta inláimhsithe agus caitheadh le €15,058,000 (2019: €14,939,000) mar speansas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gComhlacht i rith na bliana ná 154 (2019: 162).

**Sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe**

| € | 2020 Líon na bhfostaithe sa ghrúpa | 2019 Líon na bhfostaithe sa ghrúpa |
|---|---|---|
| 50,000 – 74,999 | 51 | 61 |
| 75,000 – 99,999 | 49 | 46 |
| 100,000 – 124,999 | 23 | 16 |
| 125,000 – 149,999 | 12 | 5 |
| 150,000 – 174,999 | 3 | 4 |
| 175,000 – 199,999 | 4 | 3 |

Tá tuarastal, liúntais agus íocaíochtaí eile san áireamh i sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil í rith thréimhse an tuairiscithe, ach tá ÁSPC an fhostóra fágtha ar lár.

## 29. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I gcomhréir le FRS102 tá an Comhlacht díolmhaithe ó nochtadh idirbheart le haonáin eile faoi úinéireacht an stáit.

Mar a luadh i nóta 1, tá aon ghnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile díobh i seilbh an Aire Iompair amhail an 31 Nollaig 2020.

Níor thug aon chomhalta Boird, a mbreathnófaí orthu mar pháirtí gaolmhar, ná baill den phríomhfhoireann bhainistíochta faoi aon idirbhearta ábhartha leis an gComhlacht i rith na bliana.

Mar a luadh i nóta 15, tá €2.7m dlite don Chomhlacht ó na cistí pinsin (2019: €2.4m).

## 30. Sochair iarfhostaíochta

Oibríonn an Chomhlacht ceithre scéim pinsin le sochair sainithe agus scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Ar an 1 Eanáir 2005 dúnadh na scéimeanna sochair sainithe d'iontrálaithe nua.

### Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe

Tá fostaithe a thosaigh ag obair leis an gComhlacht tar éis an 1 Eanáir 2005 ina mbaill den scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Íocann na baill agus an Comhlacht ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. I rith na bliana rinne an Comhlacht ranníocaíocht €848k (2019: €762k) sa scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe, agus rinneadh an méid sin a mhuirearú ar an gcuntas Brabúis agus Caillteanais. Is é Irish Pensions Trust Limited, Cuideachta iontaobhaí neamhspleách gairmiúil, an t-aon iontaobhaí amháin de chuid na scéime le ranníocaíocht shainithe.

### Scéimeanna Sochair Sainithe

**a)** Oibríonn an Comhlacht ceithre scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe bunaithe ar thuarastail dheireanacha inphinsin d'fhostaithe incháilithe, lena n-áirítear fostaithe agus iarfhostaithe Chuideachta Phort Dhún Dealgan agus an t-aonán a bhí ann roimh an gComhlacht, Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Déanann iontaobhaithe riarachán ar na ceithre scéim. Is iad seo a leanas na scéimeanna: "Ciste Aoisliúntais Phort Bhaile Átha Cliath 1996", "Ciste Aoisliúntais um Piolótaí Chomhlacht Chalafort Átha Cliath", "Scéim Sochar Scoir um Phríomhfheidhmeannach Chomhlacht Chalafort Átha Cliath" agus "Scéim Pinsin Chomhlacht Chalafort Átha Cliath um Iarfhostaithe Chuideachta Phort Dhún Dealgan".

Is iad an Comhlacht agus na baill scéime a cheapann iontaobhaithe Chiste Aoisliúntais Phort Bhaile Átha Cliath 1996. Reáchtáladh an toghchán iontaobhaí baill is deireanaí do chiste Aoisliúntais Phort Bhaile Átha Cliath 1996 i 2017 agus rinne an Bord ceapachán ceathrar fostaithe a dhaingniú ag a chruinniú ar an 8 Nollaig 2017. I dteannta leis an gceathrar iontaobhaithe atá ina mbaill, cheap an Comhlacht ceathrar iontaobhaithe eile.

Is é Irish Pensions Trust Limited, Cuideachta iontaobhaí neamhspleách gairmiúil, an t-aon iontaobhaí amháin de na trí scéim eile.

Níl aon scéimeanna neamh-mhaoinithe i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2020.

**b) Luacháil Achtúireach**

Déantar seasamh maoinithe na ceithre scéim sochair sainithe a mheasúnú de réir chomhairle achtúirí neamhspleácha. Déantar an seasamh maoinithe a mheasúnú go foirmiúil gach trí bliana.

Tá sé ar intinn ag an gComhlacht ranníocaíochtaí rialta a dhéanamh leis na ceithre scéim de réir na moltaí a leag na hachtúirí amach sna tuarascálacha achtúireachta iomchuí le haghaidh gach scéime.

Ullmhaíodh na luachálacha achtúireacha infheidhme is deireanaí do na príomhscéimeanna ar an 1 Eanáir 2021. Ba é Mercer a chuir na tuarascálacha i gcrích, agus ní oifigigh ná fostaithe de chuid an Chomhlachta iad. Tá na tuarascálacha luachála ar an 1 Eanáir 2021 ar fáil lena scrúdú ag baill na scéime ach níl siad ar fáil lena scrúdú ag an bpobal.

**Bonn luachála um Íoschaighdeán Maoinithe (faisnéis nach bhfuil iniúchta):**

Tá sé ina cheangal go gcloífeadh na ceithre scéim le sochair sainithe leis an Íoschaighdeán Maoinithe (ICM) i gcomhréir le hAlt 44 d'Acht na bPinsean, 1990 (mar atá leasaithe). Leis an ICM, go ginearálta, déantar a thomhas cibé acu an gclúdaíonn sócmhainní carntha dliteanais arna bhfabhrú do bhaill, ag déanamh talamh slán de go ndéanfaí na scéimeanna a fhoirceannadh ar an dáta luachála. Tá na boinn tuisceana ar a gcinntear dliteanas an ICM forordaithe sa reachtaíocht agus sa treoir achtúireach. Cuireadh na teastais mhaoinithe achtúirigh is deireanaí, a cuireadh ar fáil le haghaidh na bpríomhscéimeanna le sochar sainithe, faoi bhráid an Údaráis Pinsean agus dáta éifeachtach an 31 Nollaig 2018 orthu, agus dearbhaíodh gur chloígh na scéimeanna leis an ICM ar an dáta sin.

Tar éis an athbhreithnithe achtúirigh ar an 1 Eanáir 2021, fuarthas amach gur chloígh ceithre scéim le sochar sainithe an ICM amhail an 1 Eanáir 2021. Ba é luach iomlán shócmhainní na scéime ná €285.5m agus ba iad luach iomlán na ndliteanas faoin ICM ná €203.9m, agus an toradh a bhí air sin ná barrachas de €81.6m ar bhonn an ICM.

## 30. Scéimeanna Sochair Sainithe (ar leanúint)

**Bonn na luachála fadtéarmaí (faisnéis neamh-iniúchta)**
Tá sé de rún ag an gComhlacht leanúint de mhaoiniú a sholáthar de réir mholadh an achtúire chun déanamh cinnte go leanfaidh na scéimeanna ag feidhmiú agus ag soláthar íocaíochtaí pinsin ar bhonn fadtéarmach.

Maidir leis na luachálacha amhail an 1 Eanáir 2018 chun na gcríoch maoinithe sin, ullmhaíodh iad agus úsáid á baint as modh luachála achtúirigh ar a dtugtar an modh "aoise sroichte". Is iad na phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha a glacadh sa luacháil ná gurb é 1.00% per annum an ráta fáltais bliantúil a bheadh ar infheistíochtaí roimh scor, gurb é 1.00% per annum an ráta fáltais bliantúil a bheadh ar infheistíochtaí tar éis scoir, agus gurb é an méadú a bheadh ar thuarastail ná 2.50% le haghaidh 2018-2022 agus 3.0% per annum ina dhiaidh sin Beidh méadú de 1.75% in aghaidh na bliana ar íocaíochtaí pinsin. Faoin modh luachála sin ar an 1 Eanáir 2018, ba é méid iomlán na sócmhainní ná €281.8m agus ba é méid iomlán na ndliteanas fabhraithe ná €264.9m. Ba é an toradh air sin ná barrachas comhlán de €16.9m agus cóimheas maoinithe (sócmhainní: dliteanais) de 106% amhail an 1 Eanáir 2018.

Tá luacháil fhoirmiúil achtúireach ar siúl faoi láthair agus tabharfar chun críche í sna míonna amach romhainn. Léiríonn na meastacháin is fearr atá ann faoi láthair go mbeidh dliteanais sa réimse idir €269.3m agus €275.3m. Is ionann sócmhainní foriomlána an chiste agus €285.5m agus mar thoradh air sin tá barrachas comhiomlán idir €16.2m agus €10.2m nó cóimheas maoinithe idir 106% agus 104%.

Ullmhófar na chéad luachálacha foirmiúla iomlána eile ar an 1 Eanáir 2024.

**c) FRS 102 – Alt 28 – "Sochair Fostaí"**
Rinne achtúirí neamhspleácha oibleagáidí sochair sainithe an Chomhlachta a luacháil chun críocha alt 28 de FRS 102 bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil le haghaidh luacháil achtúireach na scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2020. De réir mar a éilítear de réir alt 28 de FRS 102, ullmhaíodh an luacháil agus úsáid á baint as modh luachála achtúirigh ar a dtugtar modh "na n-aonad creidmheasa réamh-mheasta". Ós rud é go bhfuil na scéimeanna dúnta d'iontrálaithe nua, tá próifíl aoise na scéime ag dul in airde agus mar sin faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta rachaidh an costas reatha seirbhíse i méid de réir mar a bhogann baill den scéim i dtreo scoir.

**Boinn Tuisceana Airgeadais**
Ba iad na príomhbhoinn tuisceana airgeadais chun na hoibleagáidí sochair (dliteanais) a ríomh faoi alt 28 de FRS 102 ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

| | 31 Nollaig 2020 | 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|
| Ráta úis arna chur i bhfeidhm ar oibleagáidí sochair ar lascaine | 0.95% | 1.25% |
| Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar thuarastail | 0% i 2021, 2.5% le haghaidh 2022-2023, 3% ina dhiaidh sin | 2.5% le haghaidh 2020-2022, 3% ina dhiaidh sin |
| Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar phinsin arna n-íoc | 1.35% | 1.50% |
| Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe arna gcur siar | 1.35% | 1.50% |
| Boilsciú ITB | 1.35% | 1.50% |

Déantar an ráta lascaine arna úsáid chun an dliteanas pinsin a ríomh faoi threoir torthaí margaidh ar dháta an Chláir Chomhardaithe ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin. Bíonn airgeadra agus téarma na mbannaí corparáide ar aon dul le hairgeadra agus téarma measta na n-oibleagáidí sochair. Ag féachaint ar fhad oibleagáidí sochair na scéime, glacadh ráta lascaine de 0.95% amhail an 31 Nollaig 2020.

## 30. Scéimeanna Sochair Sainithe (ar leanúint)

**Boinn Tuisceana Dhéimeagrafacha:**
Tá na boinn tuisceana do bhaill maidir leis an ionchas saoil ag am scoir leagtha amach thíos:

| | 2020 Blianta Fir | 2020 Blianta Mná | 2019 Blianta Fir | 2019 Blianta Mná |
|---|---|---|---|---|
| Baill reatha ag 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois) | 24.9 | 26.8 | 24.7 | 26.5 |
| Pinsinéirí reatha ag 65 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois) | 22.7 | 24.5 | 22.5 | 24.4 |

**Sócmhainní Scéime:**
Ba é leithdháileadh infheistíochta na sócmhainní ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

| Aicme Sócmhainne | Cion de shócmhainní na Scéime amhail an 31 Nollaig 2020 | Cion de shócmhainní na Scéime amhail an 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|
| Bannaí | 91.12% | 91.23% |
| Réadmhaoin | 0.00% | 0.03% |
| Eile | 8.88% | 8.74% |
| | **100.0%** | **100.0%** |

Socraítear an toradh ionchais ar shócmhainní sa méid is go bhfuil sé comhionann leis an ráta lascaine, faoi FRS102.

Ba é luach cóir na sócmhainní pinsin ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

| | Luach cóir amhail an 31 Nollaig 2020 €'000 | Luach cóir amhail an 31 Nollaig 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Bannaí | 260,101 | 256,854 |
| Réadmhaoin | - | 90 |
| Eile | 25,362 | 24,591 |
| **Luach Cóir iomlán Sócmhainní** | **285,463** | **281,535** |

**Seo a leanas na méideanna atá aitheanta sa ráiteas faoin staid airgeadais:**

| | 31 Nollaig 2020 €'000 | 31 Nollaig 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Luach cóir na sócmhainní scéime | 285,463 | 281,535 |
| Oibleagáid sochair sainithe | (229,751) | (233,491) |
| **Sócmhainn sochair shainithe** | **55,712** | **48,044** |
| **Léirithe i ráitis airgeadais mar seo a leanas:** | | |
| Infheistíochtaí – barrachas ar scéimeanna maoinithe *(féach nóta 16)* | **55,712** | **48,044** |

## 30. Scéimeanna Sochair Sainithe (ar leanúint):

**Anailís ar na méideanna curtha san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais:**

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costas (gan ús san áireamh)** | | |
| Costas reatha seirbhíse | **(1,233)** | **(1,204)** |
| **Glanchostas úis** | | |
| Ioncam úis ar shócmhainní scéime | 3,458 | 5,394 |
| Ús ar oibleagáidí sochair scéimeanna pinsin | (2,855) | (4,325) |
| Glanioncam úis | **603** | **1,069** |
| | **(630)** | **(135)** |

Áirítear leis an muirear Brabúis agus Caillteanais an costas/creidmheas seo a leanas mar gheall ar athruithe ar fhorálacha plean:

**Anailís ar na méideanna atomhais arna n-aithint in Ioncam Cuimsitheach Eile:**

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Toradh ar shócmhainní plean (gan ioncam úis san áireamh) | 10,268 | 10,863 |
| Éifeacht choigeartuithe taithí | 2,495 | 1,565 |
| Éifeacht athruithe ar bhoinn tuisceana | (4,569) | (17,640) |
| **Iomlán na n-atomhas curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile** | **8,194** | **(5,212)** |

## 30. Scéimeanna Sochair Sainithe (ar leanúint):

### Gluaiseacht sócmhainní scéime agus oibleagáidí sochair

| | Sócmhainní<br>€'000 | Oibleagáidí sochair<br>€'000 | Glanbharrachas<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 274,124 | (220,943) | 53,181 |
| Costas reatha seirbhíse | - | (1,204) | (1,204) |
| Creidmheas iarsheirbhíse | - | - | - |
| Ús ar oibleagáidí sochair scéime | - | (4,325) | (4,325) |
| Ioncam úis ar shócmhainní scéime | 5,394 | - | 5,394 |
| Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh) | 10,863 | - | 10,863 |
| Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe taithí | - | 1,565 | 1,565 |
| Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe taithí | - | (17,640) | (17,640) |
| Ranníocaíochtaí ball | 304 | (304) | - |
| Sochair arna n-íoc ón scéim | (9,360) | 9,360 | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra | 210 | - | 210 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **281,535** | **(233,491)** | **48,044** |

### Gluaiseacht sócmhainní scéime agus oibleagáidí sochair

| | Sócmhainní<br>€'000 | Oibleagáidí sochair<br>€'000 | Glanbharrachas<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | 281,535 | (233,491) | 48,044 |
| Costas reatha seirbhíse | - | (1,233) | (1,233) |
| Creidmheas iarsheirbhíse | - | - | - |
| Ús ar oibleagáidí sochair scéime | - | (2,855) | (2,855) |
| Ioncam úis ar shócmhainní scéime | 3,458 | - | 3,458 |
| Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh) | 10,268 | - | 10,268 |
| Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe9 ( )T35.728 0 Td( )TEMC 6.d(xtFEFF0009 BDC ( )TEMC 8.712 0 Td( )TEMC 6.97 0 Td(-)T/Span/ | | | |

## 30. Scéimeanna Sochair Sainithe (ar leanúint):

**Anailís Íogaireachta ar oibleagáidí Sochair Scéime:**

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair sainithe d'athruithe ar na boinn tuisceana maidir le mortlaíocht leagtha amach thíos:

| | 2020 Bonn Tuisceana Reatha | 2020 -1 Bhliain | 2020 +1 Bhliain |
|---|---|---|---|
| Ball Fir Reatha ag 40 bliain d'aois (Ionchas Saoil ag 65 bliana d'aois) | 24.9 | 24.0 | 25.8 |
| Pinsinéir Fir Reatha ag 65 bliana d'aois (Ionchas Saoil ag 65 bliana d'aois) | 22.6 | 21.8 | 23.5 |
| Oibleagáidí sochair (€'000) | 229,751 | 220,991 | 238,491 |
| Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000) | | 8,760 | (8,740) |
| % Athraithe (mar % den mhéid tosaigh) | | 3.8% | (3.8%) |

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair sainithe d'athruithe ar an ráta lascaine leagtha amach thíos:


| | 2020 Bonn tuisceana atá ann | 2020 -0.25% | 2020 +0.25% |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 0.95% | 0.70% | 1.20% |
| Oibleagáidí sochair (€'000) | 229,751 | 238,454 | 221,589 |
| | | | |
| Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000) | | (8,703) | 8,162 |
| % Athraithe (mar % den mhéid tosaigh) | | (3.8%) | 3.6% |

## 31. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe

Níor tharla aon imeachtaí idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, a mbeadh sé riachtanach mar gheall orthu coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ná aon nochtadh breise a dhéanamh.

## 32. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 26 Márta 2021.



# Staitisticí Poirt (neamh-iniúchta)

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 i dteannta le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2019.


Chun críocha comparáide, clúdaíonn na staitisticí neamh-iniúchta atá curtha ar fáil arís thíos trádáil Chomhlacht Chalafort Átha Cliath do na blianta féilire 2018 – 2020.

| **Árthaí** | **2020** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **Líon Iomlán a Tháinig Isteach** | **7,282** | **7,898** | **7,969** |


| **Tréchur** | **2020** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Ró-Ró | 23,877 | 24,348 | 24,050 |
| Ló-Ló | 7,126 | 7,290 | 6,924 |
| Bulcleacht | 3,871 | 4,662 | 4,621 |
| Bulcsholad | 1,957 | 1,820 | 2,375 |
| Briseadh Builc | 33 | 17 | 24 |
| **Iomlán ('000 tona)** | **36,864** | **38,138** | **37,994** |


| | **2020** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **Aonaid Ró-Ró ('000)** | **1,061** | **1,059** | **1,032** |
| **TEUnna Ló-Ló ('000)** | **758** | **774** | **726** |
| **Líon Paisinéirí (milliúin)** | **0.8** | **1.9** | **1.8** |


**Árthaí** Teacht Iomlán | **Aonaid Ró-Ró** ('000) | **TEUnna Ló-Ló** ('000) | **Líon Paisinéirí** (milliúin)




Tréchur ('000 tona) **Ró-Ró** | Tréchur ('000 tona) **Ló-Ló** | Tréchur ('000 tona) **Bulcleacht** | Tréchur ('000 tona) **Bulcsholad** | Tréchur ('000 tona) **Briseadh Builc**







COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY

# Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra

## Ag eáscú fhás phríomhphort na hÉireann

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility

# Nótaí

COMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY



**Comhlacht Chalafort Átha Cliath**

Ionad an Phoirt, Bóthar Alexandra,
Baile Átha Cliath 1, Éire

Ríomhphost: info@dublinport.ie
Guthán: +353 1 887 6000

**www.dublinport.ie**

